
Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann




# BHLIANTÚIL TUARASCÁIL 2021

# Clár na nÁbhar


Réamhrá 4

Tuarascáil an Chathaoirligh 6

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh 15

Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta 17

Oibríochtaí 21

Seirbhísí do Dheontóirí agus Bailiúcháin 21

Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Slabhra Soláthair & Loighistic, Tacú Eolaíochta & Forbairt Comhpháirte 30

Príomheachtaí 30

Tástáil 34

An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (NDSL) 35

Príomheachtaí 35

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) 38

An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (BGGL) 40

Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Chill Dhearg (RCI) 42

Príomheachtaí 42

Saotharlann Diagnóisice Chorcaí 45

Seirbhísí Eile 48

Fíochán 49

Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann 49

Príomheachtaí 49

An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO) 50

Aifiréis Theiripeach 51

Cáilíocht agus Comhlíonadh 60

Cáilíocht agus Comhlíonadh 61

Príomhshonraí Caighdeáin 63

Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht 64

Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht 65

Riosca agus Athléimneacht 68

Riosca agus Athléimneacht 69

Acmhainní Daonna 72

Acmhainní Daonna 73

Príomhéachtaí 73

Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht 75

Foghlaim 76

Teicneolaíocht Faisnéise 79

Airgeadas 80

# Réamhrá



Rinneadh obair mhór chun ár straitéis chúig bliana “Connections that Count” a bhaint amach d'ainneoin dúshláin leanúnacha ó COVID 19 le linn 2021. Rinne an Bord straitéis TF nua a fhaomh do SFÉ i rith na bliana chomh maith agus tá obair ar bun cheana féin chun athrú a chur ar an teicneolaíocht ag SFÉ, ag aithint gur príomhchumasóir é do chuid mhaith de na tionscadail atá inár bplean cúig bhliana.

Is tionscadail ilbhlianta ar an mórchóir iad cuid mhaith de na hathruithe atá beartaithe in Connections that Count agus ní bheidh siad feiceálach nó go mbeidh siad curtha i bhfeidhm. Tá Bord SFÉ sásta leis an dul chun cinn atá déanta ar chuid de na tionscadail a bhfuil tábhacht leo amhail na moltaí a tháinig ón nGrúpa Athbhreithithe ar Iompar Sóisialta a chur i bhfeidhm. Bhunaigh SFÉ an grúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar raon iarchurtha ar a n-áirítear iad sin a bhaineann le fir a mbíonn caidreamh gnéis acu le fir eile (MSM).

Ag teacht ó thuarascáil don Bhord, tabharfar isteach athruithe éagsúla atá aontaithe ag an mBord i dhá chéim agus an chéad chéim go luath i 2022 agus an dara céim níos deireanaí i 2022.

Bhí áthas orainn ár gcéad Straitéis Taighde & Forbartha a fhoilsiú san Aibreán. Tá sé mar aidhm ag SFÉ a bheith chun tosaigh sa taighde ar leigheas fuilaistrithe sna trí bliana amach romhainn agus léargas a thabhairt ar na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar shláinte, folláine agus deonú deontóra. Aithníonn muid an chabhair ríthábhachtach atá ag aistriú fola inár gcóras cúraim sláinte agus cuirfidh ár gclár taighde an fhianaise ar fáil chun ár seirbhísí a fhorbairt do na pobail ar fad ar a bhfreastalaíonn muid - deontóirí, faighteoirí agus cliniceoirí.

Ceann de na príomhcholúin atá inár straitéis ná feabhas a chur ar thaithí an chustaiméara agus tá roinnt tionscnamh ar bun chun feabhas a chur ar thaithí ár ndeontóirí, ar a n-áirítear tairseach deontóra ar líne trínar féidir le deontóirí coinní a dhéanamh ar líne chun fuil a thabhairt ag am a oireann dóibh féin. Tá sé i gceist againn go mbeidh coinní ar líne le fáil sna míonna amach romhainn agus níos deireanaí i mbliana, beidh deontóirí in ann go leor codanna den cheistneoir deontóra a líonadh ar líne roimh a gcoinne chun an próiseas le fuil a dheonú a dhéanamh níos éifeachtaí dóibh.

Tháinig deireadh le téarma Linda Hickey mar Chathaoirleach ar SFÉ ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair. Is ceannaire láidir agus forásach í Linda agus bhí sí thar a bheith uaillmhianach i leith SFÉ, rud atá le feiceáil inar straitéis chúig bliana. Feicfear dúinn cuid mhaith de na tionscnamh a chuir Linda chun cinn ag teacht i gcrích thar na blianta atá amach romhainn.

Ghuigh an Bord gach rath ar an Ollamh Stephen Field le gairid nuair a chuaigh sé ar scor óna rol mar Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta le SFÉ thar chúig bhliana nach mór. Bhí freagracht ar Steve go príomha le go mbeadh an sprioc is tábhachtaí atá againn “soláthar fola atá sábháilte agus inbhuanaithe” ar fáil go cinnte.

D'oibrigh sé go crua freisin chun a chinntiú go mbíonn SFÉ ag coinneáil cothrom le dáta agus nuálach agus ba é an tiománaí a bhí taobh thiar do na hathruithe a raibh taighde agus measúnú go leor déanta orthu amhail fáil réidh leis an mbac a bhí ar chónaitheoirí ón Ríocht Aontaithe fuil a dheonú in Éirinn rud a bhí mar thoradh ar an taighde fhorleathan a rinneadh ar vCJD agus le gairid arís ar mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe ar Iompar Sóisialta. Níl aon dabht ann ach go mb'fhearr le Steve dá mbeadh na moltaí sin a rinneadh le deireanaí curtha i gcrích sula ndeachaigh sé ar scor ach tá glactha ag an Stiúrthóir nua Leighis & Eolaíochta, an tOllamh Tor Hervig leis an ról sin cheana féin. Guímid gach rath ar Tor sa ról sin.

Lean SFÉ ag déileáil leis na dúshláin a tháinig de bharr na paindéime COVID 19 ó thús 2021 agus i rith na bliana. Ar nós cuid mhaith dár gcomhghleacaithe sa phobal cúraim sláinte, ní raibh go leor dár bhfoirne in ann oibriú go cianda ach bhí orthu oibriú ar an láthair chun a chinntiú go mbeadh SFÉ i staid chun soláthar sábháilte agus leanúnach fola a chur ar fáil. D'oibrigh an tseirbhís sláinte níos leithne go crua chun breith suas ar an "gnáth" chúram sláinte mar gur cuireadh stad leis i roinnt réimsí sna míonna luaithe de 2020 agus ansin i 2021 chonaic muid go raibh níos mó éilimh ar tháirgí fola. Chuir muid ár socruithe teagmhasachta i ngníomh faoi dhó le linn na bliana chun stoic theoranta fola a allmhairiú ón Ríocht Aontaithe d'fhonn an soláthar fola a choimeád.

D'ainneoin an iliomad dúshlán le linn na bliana, a raibh an "Stoirm Barra", stoirm dáiríre a tháinig i mí na Nollag mar shampla maith, nuair a bhí a tuirse a ghabh le COVID 19 agus an líon mór cásanna de COVID 19 agus rabhadh aimsire Dearg ag cur iallach orainn clinicí deontóirí a chealú, d'oibrigh deontóirí agus baill fhoirne go crua chun leanúnachas soláthair fola a chinntiú. Glacann an Bord buíochas ó chroí leis na deontóirí ar fad agus lenar gcomhghleacaithe ar fud na tíre faoin méid seo a bhaint amach.

Táimid ag tnúth le buíochas a ghlacadh go pearsanta lenár ndeontóirí ag na Searmanais Ghradaim Deontóra arbh éigean iad a chur ar fionraí le linn shrianta COVID 19.

Bíonn SFÉ ag brath ar ár ndeontóirí. Tá deontóirí nua ag teastáil uainn anois níos mó ná riamh agus ba mhaith linn aon duine a smaoinigh ar fhuil a dheonú dul i dteagmháil linn. Glacaimid buíochas le Paschal Sheehy as taispeáint do lucht féachana an chláir Claire Byrne Live cé chomh héasca is atá sé a bheith mar dheontóir fola agus an tábhacht ata leis ó thaobh na beatha.

**Deirdre-Ann Barr**
An Cathaoirleach Gníomhach

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Cathaoirligh Ghníomhaigh Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánaigh chomhlacht Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 de réir Aguisín D den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

1. Admhaím, mar Chathaoirleach Gníomhach, go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh an Chomhlachta
2. Ní féidir le córas rialaithe airgeadais inmheánaigh SFÉ ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú cinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, míshonrú nó caillteanas
3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha a thagann roimh SFÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo ar bhonn tuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach agus nuashonraí ón gCoiste Riosca Iniúchóireachta agus Comhlíonta

    i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a réimsí gnó a aithint agus a mheas agus srianta cuí a dhearadh agus a chur ag obair. Déantar na rioscaí sin a mheas ar bhonn leanúnach agus b'fhéidir go mbeadh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha ar a n-áirítear clistí ar shrianta, cur isteach ar chórais fhaisnéise, tubaistí nádúrtha agus riachtanais rialúcháin agus chomhlíonta

    ii. Tagann an bhainistíocht le chéile faoi dhó sa mhí i dtaobh saincheisteanna agus rioscaí oibriúcháin agus an bealach a ndéantar iad a bhainistiú. Is é an ról atá ag an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sa chás seo de ná athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird i gcomhar leis an mBainisteoir Riosca agus Acmhainneachta ar na príomhrioscaí atá i ngnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leo chun rioscaí dá leithéid a bhainistiú agus a gcuid torthaí ar ábhair shuntasacha a chur ar fáil trí Phríomhfheidhmeannach an Bhoird.

    iii. Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisic don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar féidir feabhas a chur orthu déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas

    iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais eolas airgeadais, ar a n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta, ar fáil go míosúil don Choiste Airgeadais, ar fochoiste den Bhord é

    v. Tá creat srianta oiriúnach i bhfeidhm ag a bhfuil ábhair atá sainmhínithe go soiléir atá curtha in áirithe le faomhadh ag an mBord amháin, nó mar a dhéanann an Bord é a tharmligean lena fhaomhadh go cuí ag an bhFeidhmeannas. Tá bainistíocht SFÉ ó lá go lá tarmligthe ag an mBord agus tá teorainneacha iomchuí socruithe don Fheidhmeannas maidir le húdarú caiteachais. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach, a chuimsíonn rialú airgeadais inmheánach, a chur i bhfeidhm

vi. Go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Ina theannta sin, athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird réimsí ar leith den rialú inmheánach mar chuid dá théarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú foirmiúil ar na córais sin maidir le 2021 ag a gcruinniú ar an 8 Feabhra 2022.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord tiomanta i dtaca leis na forálacha cuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 agus arna leasú i Meán Fómhair 2020.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe curtha i bhfeidhm. Tá glactha ag an mBord le beartas mionsonraithe taistil agus maireachtála a chomhlíonann gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Rinne SFÉ athbhreithniú ar thuairiscí ar shrianta inmheánacha le linn na bliana chomh maith le athbhreithnithe rialta ar thuairiscí an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte ar rialáil maidir le oibriúchán agus comhlíonadh agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ag oibriú go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chloígh SFÉ le nósanna imeachta um dhiúscairt sóchmhainní, mar a bhfuil achoimre air sa 'Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 - 2020' Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí cuí ar fad mar atá mionsonraithe faoi dhlí cánach na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú ar a théarmaí tagartha i 2021 agus rinneadh téarmaí tagartha athcheartaithe a fhaomh ag cruinniú an Bhoird i mí Mheithimh 2021.

### Córas Feidhmithe an Bhoird

Tá dáréag comhalta ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

## Tábla 1: Tinreamh Boird ag cruinnithe an Bhoird 2021

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Linda Hickey** | X | X | X | X | | |
| **Deirdre Cullivan** | X | X | X | X | X | X |
| **John Malone** | X | X | X | X | X | X |
| **Kate Williams** | | X | X | X | X | X |
| **Brian O'Mahony** | X | X | X | X | X | X |
| **David Gray** | X | X | X | X | X | X |
| **Deirdre Ann Barr** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Liz Kenny** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Ronan Desmond** | | X | | X | | |
| **An Dr Satu Pastila** | X | X | X | X | X | X |
| **An Dr Sarah Doyle** | | X | | | | |
| **An tOll. Sharon Sheehan** | X | X | X | X | X | X |

Faigheann gach comhalta eolas atá cuí agus tráthúil, chun cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle cuí neamhspleách agus gairmiúil de réir mar is gá. Tugtar aird ar threoirlínte faoina n-íoctar táillí agus caiteachas chomhaltaí Boird.



## Comhaltaí an Bhoird

Linda Hickey Uas. (Cathaoirleach)*
An tUas Brian O'Mahony
Kate Williams Uas
An Dr Elizabeth Kenny
An Dr Ronan Desmond
Deirdre Cullivan Uas
An tUas. John Malone
An Dr Satu Pastila
An Dr Sarah Doyle
Deirdre-Ann Barr Uas. (Cathaoirleach Gníomhach ón 3 Deireadh Fómhair 2021)
An tUas.David Gray
An tOll. Sharon Sheehan

*Tháinig deireadh lena téarma oifige ar an 3 Deireadh Fómhair 2021.

## Tábla 2: Sceideal Tinrimh, Táillí agus Caiteachas

Tá an sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus fochoistí do 2021 mar aon leis na táillí a fuair gach comhalta tugtha thíos:

| | Bord | An Coiste Comhairleach Leighis | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Comhlíonta | An Coiste Airgeadais | An Coiste um Fhorbairt Feidhmíochta | An Coiste Taighde agus Forbartha | Táillí Boird 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gCruinnithe | 6 | 6 | 5 | 5 | 4 | 2 | |
| L Hickey*Uas. (Cathaoirleach) | 4 | - | - | - | 3 | - | 16,179 |
| DA Barr**Uas. (Cathaoirleach Gníomhach) | 6 | - | 5 | - | 1 | - | 11,970 |
| An tUas. B O' Mahony | 6 | - | - | - | - | 2 | - |
| An Dr E Kenny | 6 | 6 | - | - | - | - | - |
| K Williams Uas | 5 | - | - | 5 | - | - | 11,970 |
| An Dr R Desmond | 2 | 5 | - | - | - | - | - |
| D Cullivan Uas | 6 | - | - | 4 | 4 | - | 11,970 |
| An tUas. J Malone | 6 | - | - | 5 | - | 2 | 11,970 |
| An Dr S Pastila | 6 | 5 | - | - | - | - | 11,970 |
| An Dr S Doyle** | 1 | 0 | - | - | - | - | - |
| An tUas. DW Gray | 6 | - | 5 | - | - | - | 11,970 |
| An Dr Sharon Sheehan | 6 | - | 5 | - | - | - | - |
| | | | | | | | 87,999 |

* Tháinig deireadh lena téarma ar an 3 Deireadh Fómhair 2021.

** Rinne an Bord Deirdre Ann Barr a fhaomh mar Chathaoirleach Gníomhach nó go gceapfadh an tAire Sláinte Cathaoirleach nua

*** Is mar thoradh ar a cuid freagrachtaí ar COVID 19 ó thaobh na Sláinte poiblí atá an Dr Doyle as láthair. Bhí cúigear comhalta Boird ann nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS)
Níor thabhaigh Comhaltaí Boird aon chaiteachas i 2021

## An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá an Bord tiománta ar an gCód Caiteachais Phoiblí agus Ciorclán 14/21 Socruithe ar Fhorbhreathnú ar thionscnamh Dhigiteach agus a bhaineann le TFC sa tSeirbhís Sibhialta agus Poiblí a chomhlíonadh.

Tá modheolaíocht bainistíochta tionscadail curtha i bhfeidhm ag SFÉ, atá cuí lena chur in oiriúint, ag brath ar mhéid an tionscadail atá i gceist.


Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú lena fhreagrachtaí a chur i gcrích go héifeachtach.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin. Comhlíonann an Bord Beartas an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Comhlíonann an Bord na treoirlínte maidir le táillí stiúrthóra a íoc freisin. Ba é €147,072 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh i 2021. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha i 2021.

## An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíoch

Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta cuid de chomhaltaí cáilithe leighis an Bhoird agus foireann leighis chomhairligh SFÉ. Is oifigigh eolaíochta atá de stádas atá ar choibhéis Comhairligh (PhD nó FRCPath) iad na comhaltaí mar aon le roinnt comhairligh leighis sheachtracha agus bhí 6 chruinniú acu le chéile i 2021. Is é an aidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann leis an réimse leighis aistriúcháin agus réimsí a bhaineann leis, an Bord a chur ar an eolas maidir le forbairtí den sórt sin agus comhairle a thabhairt don Bhord faoi ghníomhaíocht chuí.






### Tábla 3: Tinreamh an Choiste Chomhairligh Leighis agus Eolaíoch, 2021

| Ainm | Feabhra | Aibreán | Bealtaine | Lún | Samhain (1) | Samhain (2) | 6 Chruinniú san Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| R Desmond | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 |
| S Pastila | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | 5 |
| Sarah Doyle | X | X | X | X | X | X | 0 |
| B O'Mahony * | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| S Field | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| D Ó Donghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 5 |
| L Pomeroy | X | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4 |
| E McSweeney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| J Power | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 |
| I Hann ** | X | ✓ | ✓ | - | - | - | 2 Cheann as 3 |
| N O'Flaherty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| N O'Connell | ✓ | ✓ | X | ✓ | X | ✓ | 4 |
| C DeGascun | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | 4 |
| K Morris | X | ✓ | X | ✓ | X | X | 2 |
| R Hagan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | 5 |
| S Thomas * | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | X | 4 |

* Bíonn Brian O'Mahony i láthair ag cruinnithe an Choiste Chomhairligh Leighis agus Eolaíoch ach ní lánbhall den Choiste Chomhairligh Leighis agus Eolaíoch é

** Chuaigh an tOll Ian Hann ar scor i mí na Bealtaine 2021

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhalta den Bhord ina mbaill air. Freastlaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta ar an gcoiste chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, Ráitis Airgeadais Reachtúla agus cuntais bhainistíochta míosúla, ETFanna airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus ar an sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Déanann an Coiste athbhreithniú ar mhaoiniú agus feidhmíocht chiste pinsin an Bhoird fosta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## Tábla 4: Tinreamh an Choiste Airgeadais

| Cruinnithe an Choiste Airgeadais 2020 | Eanáir | Bealtaine | Iúil | Meán Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| K Williams Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D Cullivan Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUas. J Malone | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## An Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Comhlíonta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhalta den Bhord agus chomhalta neamhspleách seachtrach ina baill dó. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí, an t-Iniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Dianseasmhachta ag freastal air agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag feidhmiú mar Rúnaí don Choiste. Is féidir leis an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann le gnóthaí airgeadais, riosca, rialúcháin agus comhlíonta an Bhoird.

Déanann sé athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla bliantúla, a chuimsíonn na beartais chuntasaíochta agus nótaí leis na ráitis airgeadais, comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra, ar thuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón HPRA, bainistíocht Riosca le hathbhreithnithe ar an gclár riosca corparáide san áireamh. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## Tábla 5: Tinreamh an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíonadh

| Tinreamh Chomhaltaí Boird ar Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta 2021 | 09/02/2021 | 13/04/2021 | 08/06/2021 | 07/09/2021 | 07/12/2021 |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUas.D Gray | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D A Barr Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| S Sheehan Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## An Coiste Taighde agus Forbartha

Rinne an Bord bunú Choiste Taighde agus Forbartha a fhaomhadh chun maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis Taighde agus Forbartha SFÉ a chur i bhfeidhm. Bhuail An Coiste Taighde agus Forbartha le chéile faoi dhó i 2021.

## Tábla 6: Tinreamh an Choiste Taighde agus Forbartha

| Ainm | 6 Bealtaine 2021 (An chéad chruinniú) | 7 Meán Fómhair 2021 | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Teaghlaigh | | | |
| Brian O'Mahony (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | 2 / 2 |
| John Malone | ✓ | ✓ | 2 / 2 |

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, rioscaí cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú dá dtarlódh an riosca. Tá freagracht ar an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus ar shocruithe teagmhasachta. Tá tacar rioscaí bunúsacha aitheanta a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus an Bord monatóireacht rialta orthu. Faoi láthair déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú orthu.

Cinntítear leis an monatóireacht sin gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí a shainaithnítear agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin réasúnacha a dhéanamh tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go mbeidh dóthain acmhainní ag SFÉ le leanúint i mbonn oibriúcháin san am atá díreach romhainn. Dá bharr seo, tá siad ag leanúint le bonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus iad ag ullmhú ráitis airgeadais. Ag teacht ón easnamh pinsin agus an baol ar athruithe ar an dáta iarthuairisciú breise i luach sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin, rinne an Bord luachanna uile an chiste pinsin agus an sreabhadh airgid a mheas thar an dá mhí dhéag ón dáta a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhaomh agus iad ag déanamh measúnú ar oiriúnacht choincheap an ghnóthais leantaigh do thacar reatha na Ráitis Airgeadais agus tá siad den tuairim go mbeidh an Bord in ann a chuid dliteanas ar fad a chomhlíonadh ar a n-áirítear maoiniú a dhéanamh ar scéim pinsin SFÉ de réir mar atá siad dlite.

Sna cúinsí sin measann an Bord go bhfuil coincheap an ghnóthais leantaigh oiriúnach chun an tacar sin de na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialuithe inmheánacha i SFÉ agus as a n-éifeachtacht a athbhreithniú. Cuimsíonn córas airgeadais inmheánaigh an Bhoird na rialuithe sin atá bunaithe chun urrús réasúnach a thabhairt ar:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach ar thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Cuireann sealbhóirí buiséid a n-ainm le buiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Tá seiceálacha deimhnithe agus rialuithe pasfhocail i seilbh an chórais airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Déantar foréilimh ar mhíreanna stoic trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic a mheaitseáil go neamhspleách le Nótaí Earraí Isteach (GRN) agus orduithe ceannaigh an stórais
- Déanann comhaltaí foirne atá neamhspleách ar an fhoireann cuntais iníoctha na seiceálacha deimhnithe ar shonraisc sholáthraithe.

Tuigeann an Bord go bhfuil córas an rialaithe inmheánaigh deartha chun an riosca ar chliseadh maidir le spriocanna gnó a bhaint amach a bhainistiú in ionad fáil réidh leis. Tugann rialú inmheánach urrús réasúnach agus ní urrús daingean maidir le ráiteas míchruinn ábhartha nó le caillteanas.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi FRS102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Éilíonn an tOrdú um Sheirbhís Fuilaistriúchan na hÉireann (Bunú) 1965 ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin Éireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin de réir dhlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta mar is infheidhme. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta atá oiriúnach a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Tuairimí agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a thabhairt
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Cloíonn SFÉ leis na rialacha agus treoirlínte soláthair reatha mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthair Rialtais cé is moite de sholáthar a bhaineann le Fearas Cosanta Pearsanta áit a bhfuil ceangal ag Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann le FSS agus tá próiseas ar bun faoi láthair maidir le conradh náisiúnta a fháil d'fhearas cosanta pearsanta.

## Diúscairt Sócmhainní

Dhíol Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a flít busanna foirne ag ceant i 2021.

## Nochtadh Cosanta

Cloíonn SFÉ leis na riachtanais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus dearbhaíonn sí go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir cuid 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta i 2021.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

Rinne Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann uasghrádú ar a ríomhchóras gnólachta fola in Aibreán 2021.

**Deirdre Ann Barr**
An Cathaoirleach Gníomhach

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



Tá an-áthas orm tuarascáil bhliantúil 2021 a chur os comhair Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Bhí an glaoch ar fhuil chomh mór céanna agus a bhí riamh agus paindéim COVID 19 ag leanúint ar aghaidh sa dara bliain, agus bhí sé mar thoradh air go rabhamar ag eisiúint níos mó fola chuig ospidéil uaireanta ná mar a bhíomar in ann a bhailiú. Bhí an claonadh céanna sin le feiceáil ag an gcuid is mó de na seirbhísí fola go hidirnáisiúnta. Mar gheall ar na dúshláin shuntasacha a tháinig romhainn chun an soláthar fola a choimeád b'éigean dúinn an comhaontú teagmhasach atá againn leis an NHSBT a chur i bhfeidhm ar dhá ócáid agus fuil a allmhairiú.

D'fhoilsigh SFÉ a plean straitéiseach nua ***Connections that Count: Developing the IBTS 2021 - 2025*** plean a d'fhaomh an Bord i mí na Nollag 2020. In *Connections that Count*, leagtar amach treo straitéiseach na heagraíochta do na cúig bliana atá le teacht, a chinnteoidh go mbeidh SFÉ ar thús cadhnaíochta go fóill i réimse na míochaine fuilaistriúcháin. Tosaíodh á chur i bhfeidhm láithreach bonn agus déantar tuairisciú ar an méid a baineadh amach i 2021 in áit ar leith sa tuarascáil bhliantúil seo. Thug foilsiú *Connections that* Count deis freisin chun an struchtúr eagraíochta atá i bhfeidhm ó 2008 a scrúdú. Cuireadh tús leis an obair seo i 2021 agus tiocfaidh sí chun críche sa chéad leath de 2022.

Rinneamar forbairt ar dhá straitéis shuntasach eile do SFÉ i 2021. Ar an gcéad dul síos, rinne an Bord ár ***Straitéis TF*** a fhaomh i mí an Mheithimh 2021 agus anois beidh SFÉ ag tabhairt faoi chlár uaillmhianach chun an TF a athrú, a nuachóiriú agus a leasú leis an bpríomhsprioc go mbeidh sé ina sheirbhís a bheidh cumasaithe go digiteach agus comhtháite. Dhírigh na cibirionsuithe a rinneadh ar chóras sláinte na hÉireann i 2021 aird láidir ar nádúr criticiúil chórais TF in eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus tharraing sé aird ar an tábhacht a bhaineann le feidhm TF atá freagrúil, réamhghníomhach agus a bhfuil neart acmhainní ar fail dó. Leagann an straitéis TF amach an turas trasfhoirmithe i reimsí atá mar bhonn den teicneolaíocht, maidir le gnó agus samhail oibriúcháin teicneolaíochta agus dhaoine agus cumas. Is cuid bhunúsach chun ár n-uaillmhian TF a bhaint amach ná an ról Príomhoifigeach Faisnéise (POF) a bhunú i SFÉ. Ceadaíodh an ról i 2021 agus táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh ár POF nua go luath i 2022.

Ar an dara rud, d'fhorbair muid ár gcéad ráiteas straitéise tiomanta Daoine agus Cultúir de chuid SFÉ, ***Transforming Together: Daoine: Cultúr: Ceangail, 2021 go 2025***. Tugann Transforming Together deis shuntasach dár ndaoine, dár gcultúr agus dár seirbhís chun fás a dhéanamh thar na blianta atá ag teacht agus muid ag teacht amach agus ag teacht slán ón bpaindéim COVID-19. Tá ár gceithre cholún straitéise ag saibhriú ár gcultúr; ag múnlú ár bhfórsa saothair don todhchaí; ag cur sábháilteacht agus folláine chun tosaigh; agus ag cur feabhais ar thaithí dhaoine, agus táimid ag tnúth go mór le bheith ag obair le gach duine i SFÉ chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach.

Cuireadh tús freisin lenár gcéad ***Straitéis Taighde agus Forbartha*** (T&F). Bunaíodh Fochoiste Taighde agus Forbartha atá déanta suas de chomhaltaí Boird agus saineolaithe seachtracha as Éirinn agus ó thar lear chun treoir agus maoirseacht a chur ar fáil don chlár oibre seo. Tugtar tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana in áiteanna eile sa tuarascáil seo.

Rinneadh dul chun cinn tábhachtach freisin i 2021 agus ár n-ionad i gCorcaigh a athfhorbairt. Ag teacht sna sála ar Thuairisc Anailíse agus Mheasúnaithe ar Roghanna, cheadaigh an Bord na moltaí i mí na Samhna 2021 agus táimid ag tnúth le hoibriú leis an Roinn Sláinte agus ár bpáirtithe leasmhara chun é seo a chuir chun cinn i 2022.

Lean COVID-19 le bheith ag tabhairt dúshláin faoi ár socruithe ar phlean teagmhais agus tá go leor foghlamtha againn mar thoradh air - Rinneadh na ceachtanna sin a ionchorprú isteach inár bPlean Leanúnachais Ghnó mar chuid d'athbhreithniú beartaithe le linn na bliana agus déanfar ceachtanna breise a ionchorprú de réir mar a bheimid ag teacht amach óna srianta sláinte poiblí.

Leanadh le bheith ag cur searmanais bhronnta gradaim ar fionraí mar gheall ar na srianta a bhain leis an bpaindéim COVID 19. Thugamar aitheantas mar sin féin do na garspriocanna deonta suntasacha a bhain ár ndeontóirí amach - tugadh pinn airgid amach sna clinicí dóibh siúd a thug an deichiú deonú agus fuaireadar sin a thug a fichiú deonú peann óir.

Chun aitheantas a thabhairt d'aon duine a bhain 50 nó 100 deonú amach, cuireadh amach 1,600 pacáiste gradaim deontóra 50 uair i mí an Mheithimh 2021 ina raibh peann óir 50 uair SFÉ, chomh maith le teastas agus cárta. Cuireadh pacáiste gradaim deontóra saincheaptha agus pearsanaithe 100 uaire freisin chuig 276 deontóir a raibh gradam peileacáin agus teastas mar chuid de. D'ainneoin na ndúshláin ar fad, tá an tacaíocht a thug deontóirí dochreidte agus leanadar ag teacht agus ag deonú i 2021 agus táimid thar a bheith buíoch as sin. Tá súil againn go mbeimid in ann bealach níos pearsanta a bheith againn arís chun ár ndeontóirí iontacha a cheiliúradh i 2022.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghlacadh lenár bhfoireann a thug seirbhís dhílis agus dhíograiseach don eagraíocht nó iad sin a chuaigh ar scor nó a bhuail bóthar i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis an gCathaoirleach atá ag éirí as, Linda Hickey, dá treoir agus dá tacaíocht. Táim faoi chomaoin ag an mBord, ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus na comhaltaí faoina gcuid iarrachtaí agus tacaíocht dochreidte i rith na bliana agus muid ag leanúint ar aghaidh as seirbhísí á gcur ar fáil againn dár n-othair agus dár ndeontóirí i dtimpeallacht dhúshlánach.

Agus muid ag teacht ón bpaindéim i dtreo an ghnáth saoil nua leanfaimid le smaointe nua a chur chun cinn inár gcuid oibre ar mhaithe le leas na n-othar agus na ndeontóirí a mbímid ag freastal orthu. Leagann ár sraith straitéisí amach an treoir a bheidh againn agus mar a bheartaíonn muid é a thabhairt chun críche agus taispeánann ár luachanna an fáth go ndéanaimid é.


**Orla O'Brien**
Príomhfheidhmeannach



Déanaimid ár ndícheall chun sármhaitheas a bhaint amach



Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla



Is breá linn ár ndeontóirí



Cuirimid feabhas ar shaol na n-othar, i dteannta a chéile



Is sinne SFÉ

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta



Táim sásta gur ceapadh an tOllamh Tor Hervig mar Stiúrthóir nua Leighis & Eolaíochta ag eascairt as feachtas earcaíochta. Is as Bergen san Iorua é an tOll Hervig agus tá taithí le ós cionn 35 bliain aige i Leigheas Aistriúcháin. Beidh sé ag tosú ar a phost i mí Feabhra 2022 nuair a rachaidh mise ar scor.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Bord SFÉ agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin as a dtacaíocht le linn mo thréimhse mar Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta.

## An Grúpa Comhairleach um Iompar Sóisialta

Tháinig Bord SFÉ ar shocrú i mí an Mheithimh 2020 chun Coiste Comhairleach neamhspleách a bhunú don Athbhreithniú ar Iompar Sóisialta. Ba é an sainchúram a bhí ar an gCoiste Comhairleach seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn fianaise reatha atá le roghnú, iarchur agus eisiamh deontóra in Éirinn a bhaineann le hiompar sóisialta a d'fhéadfadh cur leis an mbaol atá ann le hionfhabhtuithe fuil-iompartha ar leith a tholgadh (HIV, HBV, HCV agus galair eile gnéas-tarchurtha). Cuireadh i bhfeidhm an tréimhse iarchurtha ar an iompar sóisialta seo i mí Eanáir 2017, agus de thoradh an chleachtais idirnáisiúnta atá ag forbairt, bhí gá le hathbhreithniú eile.

Rinne an tOllamh Mary Horgan cathaoirleacht ar an nGrúpa, agus chuimsigh na comhaltaí Comhairligh deontóra SFÉ, Lia GT, Lia Sláinte Phoiblí, Eipidéimeolaí, Páirtithe Leasmhara, ionadaí Haemaifilia, ionadaí Corráin agus Thalassemia, ionadaí ó HIV Ireland, agus Bainisteoir Riosca & Athléimnigh.

Ar an drochuair de bharr na srianta mar gheall ar COVID 19 i 2020, ní raibh an Coiste in ann tosú ar an obair nó go raibh sé go luath i 2021. Ritheadh roinnt cruinnithe idir Eanáir agus Lúnasa 2021.

Chuir an Bord tuairisc ar ais chuig Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta SFÉ ar an 30 Lúnasa 2021 agus ansin chuig an mBord. Ghlac an Bord leis na moltaí ag a gcruinniú ar an 13 Meán Fómhair 2021. Tugtar achoimre ar na moltaí thíos

- Laghdófar ar an am a dhéantar deonú ó fhir a mbíonn caidreamh gnéis acu le fir eile ó dhá mhí dhéag go dtí 4 mhí mar bheart eatramhach ó mhí an Mhárta 2022. Athrófar é seo níos deireanaí i 2022 le measúnú aonair a dhéanamh nuair a thiocfaidh stair shláinte leictreonach in ionad an cheistneora páipéir agus nós maireachtála atá ann faoi láthair. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas rogha deontóra a bheidh níos cuimsithe a dhéanamh
- Déanfar deontóirí a úsáideann próifiolacsas réamhnochta (PrEP) chun cosc a chur ar HIV a iarchur go ceann ceithre mhí as sin amach
- Bheadh iarchur ceithre mhí i geist le deontóirí nó a bpáirtithe, a mbeadh caidreamh gnéis acu in aon pháirt den domhan ina bhfuil HIV an-choitianta ar dtús, ach dhéanfaí measúnú athuair air sin nuair a thabharfaí isteach na measúnuithe aonair
- Coinneofar an t-iarchur dhá mhí dhéag do snortáil cócaoin

- Choinneofaí amach ar bhonn buan daoine le stair úsáide druga infhéithigh nó iomhatánaigh, ar a n-áirítear drugaí áineasa, stéaróidigh nó hormóin chorpfhorbartha. Ní féidir é sin a athrú mar go bhfuil sé faoi shainordú sa treoir fhola Eorpach
- Ní dhéanfadh SFÉ deontóirí a mbeadh téarma príosúnachta déanta acu a iarchur níos mó mar nach bhfuil gá leis an eolas seo chun incháilitheacht ar dheonú a mheas.

## Paindéim SARS CoV 2 (COVID-19)

Chuaigh an phaindéim isteach sa dara bliain i 2021 agus lean ár ndeontóirí ag freagairt go hiontach chun stoc a chothabháil le freastal ar an éileamh ó ospidéil. Tugadh isteach vacsaín ar fud na hÉireann i 2021, agus tugadh teanndáileoga faoi dheireadh na blaina. Bhí roinnt éifeachta aige seo ar earcaíocht dheontóirí, agus coinníodh an Coiste Comhairleach Deontóra agus Ionfhabhtaithe cruógach chun a chinntiú go ndearnadh nuashonrú ar na treoirlínte le deontóirí a roghnú chun coinneáil le cleachtadh idirnáisiúnta agus áitiúil. D'ainneoin na sáriarrachtaí a rinne ár ndeontóirí, bhí gá ann le fuil a allmhairiú ón Ríocht Aontaithe ar dhá ócáid le linn 2021. Tharla an chéad cheann díobh sin i mí an Mheithimh mar go raibh ganntanas ar na cineálacha fola Rh diúltach tar éis lá saoire bainc. Tharla an dara hallmhairiú i mí na Nollag mar go raibh easpa ar an gcuid is mó de na fuilghrúpaí coitianta tar éis clinicí a chur ar ceal ar choinníollacha sábhála le linn foláireamh aimsire dearg. Tharla sé seo ag an am céanna a raibh borradh ar chásanna COVID-19 den athróg oimiocrón a bhí níos tógálaí agus bhí ganntanas foirne agus laghdú ar an líon deontóirí a bhí ag teacht chun na clinicí mar thoradh air.

## Plasma

Beidh SFÉ ag suiteáil fearas reoite gasta nua in Eanáir 2022, a chuirfidh ar ár gcumas an plasma a fhaightear ó lánfhuil a phróiseáil i staid a chloíonn le GMT. Beidh an cumas ann leis seo codánúchán tríú páirtí a dhéanamh ar tháirgí ar nós glóbailín imdhíonachta infhéitheacha, albaimin, agus próitéin téachta.

Tá stoc beag de Phlasma Téarnaimh COVID-19 (CCP) coinnithe, agus tugadh cuid de sin d'othair atá neamhinniúil go himdheonach. Tá sé tugtha faoi deara in iliomad tástálacha ar fud an domhain nach bhfuil aon mhaith a bheith ag úsáid CCP le cóir ghinearálta a chur ar othair a bhfuil ionfhabhtú orthu.

## Laghdú ar Phataigin

Tá glacadh ag SFÉ leis an bprionsabal laghdú ar phataigin (PR) phláitíní agus plasma agus ag an am a bhfuil seo á scríobh tá an próiseas soláthair ag dul ar aghaidh. Táthar ag súil go mbeidh próiseas bailíochtaithe PR curtha i bhfeidhm faoin tríú ráithe de 2022.

## Taighde & Forbairt (T&F)

Lean an roinn T&F ag fás le linn 2021 agus rinneadh roinnt staidéir i gcomhar le BEST, chomh maith le roinnt taighde áitiúil. Foilsíodh roinnt páipéir athbhreithnithe ag piaraí. Tá cur síos iomlán ar na gníomhaíochtaí T&F in áit eile sa tuarascáil bhliantúil seo.

## Banc Súl na hÉireann

Tugadh plean tionscadail cuimsitheach chun críche i 2021 agus cheadaigh an EMT é. Ceapadh an Stiúrthóir Oftalmach páirtaimseartha agus beidh sé/sí ag tosú go luath i 2022.

Athrófar oifig an bhainc súl chuig láthair eile ionas go mbeidh níos mó áite ann chun foireann bhreise a earcú i 2022. Is é an chéad staid eile ná plean feidhmithe níos sonraithe a thabhairt chun críche le faomhadh ag an mBord.

## Saotharlanna

Lean an obair ag saotharlanna SFÉ trí 2022 d'ainneoin gur athraigh an víreas go dtí cineálacha níos tógálaí. Nuair a cuireadh an vacsaín ar fáil ar fud na hÉireann níor tháinig aon bhriseadh ó thaobh an leanúnachais de maidir le próiseáil agus tástáil comhábhair, mar sin féin tháinig brú ar seo ag deireadh na bliana nuair a bhain an líon ionfhabhtuithe athróg Oimiocrón amach a bhuaic. Mar an gcéanna, lean na saotharlanna a bhí i dteagmháil leis an bpobal ag obair i rith na bliana agus ní raibh aon bhriseadh i leanúnachas na seirbhíse. Lean an tsaotharlann Imdhíoneolaíochta Cill Dhearg ina cuid ullmhúcháin do chreidiúnú ISO 15189 agus tá súil acu go ndéanfaidh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú cigireacht uirthi i 2022. Tá fás ag teacht ar an tsaotharlann Ghéineolaíochta Cill Dhearg an t-am ar fad agus tá an líon máithreacha le Rh-Diúltach atá ag socrú cineál Rh a leanaí ag ardú i gcónaí.

Rinne an Cónaidhm Eorpach um Imdhíonghéineolaíocht (EFI) scrúdú ar an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (NHIRL) i 2021 agus choinnigh sí an stádas creidiúnaithe a bhí aici. D'éirigh le Clárlann Smeara Neamhghaolmhar na hÉireann a chreidiúnú a fháil ar ais ó Chumann Deontóirí Smeara an Domhain (WMDA).

## An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú (NTAG)

Leanann NTAG leis an ról tábhachtach atá acu in aistriúchán leighis Éirinn cé go mba bhliain chrua ab ea 2021 de bharr na paindéime a bhí ag leanúint ar aghaidh.

Baineadh úsáid as an bprótacal náisiúnta ganntanas cill dhearg agus pláitín a foilsíodh i 2020 le linn 2021 agus fógraíodh dhá staid réamh-omrach. Chuir sé sin in iúl d'ospidéil go raibh an stoc fola íseal agus thug sé fógra dá leanfadh an claonadh gurbh fhéidir go gcaithfí roinnt obráidí nach mbeadh práinn leo a chur ar ceal agus srian a chur ar úsáid fhola sna cásanna sin a mbeadh riachtanas ainsealach leo agus i staideanna a bheadh bagrach don bheatha. Ar an dea-uair, mar thoradh ar earcaíocht dhian dheontóra agus, stoic fhola a allmhairiú ar dhá ócáid, bhíothas in ann an stádas ómrach a sheachaint.

Cheadaigh NTAG treoirlíne náisiúnta freisin do Rith Fola Ionobráide Gan choinne a mBaineann Baol Báis leis. Rinne an Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) an treoirlíne seo a choimisiúnú, ar iarratas ón Aire Sláinte ag teacht ó theagmhas díobhálach othair. Táthar ag súil go dtabharfaidh an NCEC an faomhadh deiridh don treoirlíne seo go luath i 2022.

Tá roinnt grúpaí oibre ag NTAG a leanfaidh ag déanamh athbhreithnithe agus forbairt ar bheartais agus treoirlínte aistriúcháin i 2022. Beidh rannpháirtíocht ghníomhach ag SFÉ agus cuirfidh sé seo feabhas i ndeireadh an lae ar chleachtadh leighis aistriúcháin in Éirinn.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar fad ag gach leibhéal laistigh de SFÉ agus an tacaíocht agus an comhoibriú a fuair mé le linn mo théarma mar Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta thar na cúig bliana seo a chuaigh thart.

**An Dr Stephen Field**
Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta

# OIBRÍOCHTAÍ



# Seirbhísí do Dheontóirí agus Bailiúcháin

## Na príomheachtaí a baineadh amach

- Rinneadh an soláthar fola a choimeád, agus bhí méadú beagnach 2% ar thinreamh, d'ainneoin cuid mhaith dúshláin mhóra le COVID-19
- Bhí ar gach deontóir coinne a dhéanamh agus láimhseáil Seirbhísí Deontóra thart ar 236,000 glao isteach i 2021, chomh maith le líon mór glaonna earcaíochta amach
- Sábháilteacht dheontóirí agus foirne á gcinntiú agus muid ag leanúint le clinicí deonaithe fola bunaithe ar an bpobal.

## An soláthar fola a chaomhnú le linn COVID-19

Ba bhliain eile a bhí thar a bheith cruógach agus dúshlánach í 2021 i Seirbhísí Deontóra agus thar na hionaid réigiúnacha, agus bhí saincheisteanna ag teacht chun cinn an t-am ar fad de bharr COVID-19. D'oibrigh na foirne go crua chun a chinntiú gur oibrigh clinicí gan aon stró, gur coinníodh láithreacha slán, go raibh foirne sábháilte, go raibh deontóirí agus fuil deimhnithe agus go raibh deontóirí curtha ar a suaimhneas. Tá sé mar aidhm ag SFÉ go mbeadh soláthar 7 lá ann lena chinntiú go bhfuil soláthar seasta chuig ospidéil ar fud na tíre, agus chun é sin a dhéanamh caithfidh sé suas le 40 clinic deontóra fola a rith ar fud na tíre gach seachtain. Láimhseáil Seirbhísí Deontóra agus na foirne réigiúnacha thart ar 236,000 glao isteach, chomh maith le riar mór glaonna earcaíochta amach. Bhí freastal maith deontóirí agus iarrachtaí deonú a thabhairt, agus léirigh sé ardú de 1.8% le linn bliain dhúshlánach. Tháinig feabhas mór ar an ráta iarchurtha i 2021. Chabhraigh sé leis gur tugadh isteach córas coinne agus go ndearna Seirbhísí Deontóra réamhscagadh ar gach deontóir. Rinneadh 127,614 deonú rathúla i 2021.

Ar an droch uair bhí srianta móra ar ár gcumas Deontóirí Chéad Uaire (FTDanna) a earcú le linn COVID-19, ar bhealach de bharr nach raibh fáil chomh mór againn ar láithreacha ar nós coláistí, go raibh acmhainn theoranta sna clinicí le linn COVID-19, agus nach raibh an oiread deiseanna le fógraíocht a dhéanamh agus go raibh fógraíocht ag díriú ní ba mhó ar chlinicí a bheadh ar bun go háitiúil a chur chun cinn. Tá súil againn go mbeimid in ann fáilte a chur roimh níos mó deontóirí chéad uaire chuig ár gclinicí i 2022.

Tairbhe eile a tháinig ó choinní a thabhairt isteach agus athruithe eile ar chlinicí, rud a ndearna roinnt mhaith deontóirí tagairt dó ar na meáin shóisialta, ná an laghdú ar an méid ama a thógann sé ar dheontóirí anois a ndeonú fola iomlán a dhéanamh. Bhí an céatadán de dheonuithe nár thóg thar uair an chloig ag Clinic Taistil (ón am a gcláraíonn tú nó go dtugann tú an fhuil) ag 93.6% i 2021, feabhas mór ar na leibhéil réamh COVID-19 nuair a bhí sé gar do 80%. Tá sé mar aidhm againn leanúint leis an gcéatadán seo a fheabhsú.

## Cumarsáid le linn COVID-19

Leanamar ag oibriú i dtimpeallacht COVID-19 a bhí de shíor ag athrú i 2021. Bhí an chumarsáid a bhí againn le deontoirí dírithe ar iad a chur ar a suaimhneas maidir le sábháilteacht ag na clinicí agus iad ag tabhairt fola, agus an gá leanúnach a bhí leis go ndéanfaidís coinní agus freastail ar chlinicí, mar go raibh an glaoch ó ospidéil ag leanúint ar aghaidh. De réir mar a cuireadh amach treoir sláinte poiblí nua, bhain SFÉ úsáid as na meáin shóisialta chun deontóirí a choinneáil ar an eolas ar athruithe ar an timpeallacht clinic, chun glao a chur ar dheontóirí nuair a bhíodh leibhéil stoic íseal agus chun buíochas a ghlacadh le deontóirí faoina dtacaíocht leanúnach.













Rinneadh nuashonrú ar an suíomh idirlín ag teacht le nuashonruithe beartais ionas go raibh béim curtha ar na príomh theachtaireachtaí ar an meirge aníos agus timpeallán idirlín COVID-19. Leanadh ag cruthú postálacha faisnéise ar na meáin shóisialta mar fhreagairt ar na ceisteanna ba mhinice a chuir deontóirí ar thopaicí amhail sábháilteacht agus bearta um scaradh sóisialta sna clinicí, córas coinní na gclinicí agus an polasaí maidir le maisc a chaitheamh sa chlinic.

Thosaíomar ag seoladh r-phoist fógartha clinice chuig deontóirí ar na painéil chlinic gach seachtain chun iad a spreagadh na teachtaireachtaí téacs óna gClinic a fhreagairt agus coinne a chur in áirithe. Tá eolas ar bhearta sábháilteachta faoi COVID-19, an leagan amach ar an gclinic agus aon threoirlínte nua ar chóir de dheontóirí a bheith ar an eolas fúthu tugtha sa r-phost seo. Chuireamar amach os cionn 316k r-phost, agus osclaíodh 145k díobh (ráta oscailte 53%) i 2021 agus bhí an ráta díliostála an-íseal. (Is toradh maith aon rud os cionn 22% mar ráta oscailte ar r-phoist.)


Tá fás leanúnach tagtha ar ár gcainéil ar na meáin shóisialta le linn na bliana. Bhí breis agus 131k leantóir againn ar ár leathanach Facebook ag deireadh 2021 agus 21.9k leantóir ar ár leathanach Twitter. Úsáidtear an leathanach Twitter chun go leor nótaí agus ceisteanna ó dheontóirí a fhreagairt gach lá, maille le teagmháil a dhéanamh leis na soláthraithe mórmheán agus grúpaí sainspéise lenár dteachtaireacht a threisiú.

Tháinig ardú de 42% go dtí 12.4k ar leantóirí giveblood.ie Instagram i 2021 le hais na bliana roimhe sin. Tá fás i gcónaí ar an gcainéal meán sóisialta seo agus is é an sprioc atá ann ná leanúint de níos mó a dhéanamh ar an ardán seo chun teagmháil a dhéanamh lenár ndeontóirí níos óige. Tá fás nádúrtha ag teacht ar leathanach LinkedIn SFÉ i measc lucht gnó; bhí 3.6k leantóir againn ag deireadh 2021.











Tá baill fhoirne agus deontóirí i gclinicí ar fud na tíre i ndiaidh scéalta agus pictiúir iontacha a sheoladh isteach maidir leis na garspriocanna atá bainte amach acu agus na cúiseanna ar deontóirí iad. Molaimid d'aon duine a bhfuil scéal aige mar dheontóir nó mar fhaighteoir fola an scéal sin a roinnt linn agus cur ar ár gcumas na héachtaí atá bainte amach againn le beatha daoine a shábháil a cheiliúradh.

## Comhpháirtíocht

Tá comhpháirtíocht le fada ag SFÉ le Vodafone. Téacs an bealach is mó a úsáideann muid le teagmháil a dhéanamh le deontóirí reatha, go háirithe le linn COVID-19, agus le cúnamh ó Vodafone, chuir SFÉ os cionn 6 mhilliún téacs saor in aisce chuig deontóirí maidir le clinicí agus coinní. Teacs amháin a mbíonn an-tóir ag deontóirí é a fháil is ea ná nuair a bhíonn a gcuid fola seolta chuig ospidéal. Le cabhair ó Vodafone ceanglaíonn sé seo deontóirí agus othair, agus dúnann sé an lúb doláimhsithe sin do dheontóirí idir an deonú a thugann siad agus




Is cuid thábhachtach é comhpháirtíocht le páirt a ghlacadh sa tábhacht a bhaineann le deonú fola agus é a spreagadh i measc an phobail. Chuaigh SFÉ i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí éagsúla i 2021 ar nós CLG, Macra na Feirme, Réiteoirí FAI, agus cuid mhaith eagraíochtaí pobail a lean orthu ag tabhairt tacaíochta dúinn trína hamanna dúshlánacha a thainig de bharr COVID-19.

Thacaigh Macra na Feirme linn trí scéalta deontóra agus faighteora a roinnt linn agus trína mbaill a spreagadh chun freastal ar chlinicí áitiúla agus fuil a dheonú. Roinn roinnt faighteoirí iontacha a dtaithí linn maidir le fuil, pláitíní agus smior a fháil mar chuid dá gcoir leighis. Buíochas le Elaine Scully as ucht béim a chur ar an ról a bhí ag aistriúchán fola agus smeara mar chuid dá coir ailse ar Lá an Chromchinn.

Míle buíochas freisin le Chris Proby ar pléadálaí mór é ar an tábhacht a bhaineann le deonú fola agus d'inis sé cén chaoi a ndearna sé fíor-dhifríocht ina shaol nuair a fuair sé fuil, pláitíní agus smior agus é ag teacht slán ó hailse don dara huair. Titeann a lá fuaraithe ar an 14 Meitheamh (Lá Deontóra Fola an Domhain). Rinne Chris agallaimh leis na meáin agus leis na postálacha meáin shóisialta ag cur béime ar an tábhacht atá le deonú fola agus an tionchar a bhí ag deontóirí ar a shaol.

Thug CLG Chill Chomainn an-chúnamh le fuil a dheonú le tacú lena gcomrádaí ón gcumann, Seán O'Leary agus a phairtí Emma, nuair a bhí gá acu le haistriúchán fola tar éis timpiste thromchúiseach bóthair.


Bhí Paschal Sheehy, duine dár ndeontóirí iontacha atá ag deonú fola le fada, ar an gcéad duine ar teilifís a thug deonú fola ar chlár beo ag clinic Naomh Fionbarra. Craoladh é seo ar an Claire Byrne Live Show chun a thaispeáint cé chomh héasca is atá sé deonú fola a thabhairt gan aon phian.



Tá SFÉ thar a bheith buíoch de na heagraíochtaí agus daoine aonair sin ar fad as a dtacaíocht leanúnach, agus beimid ag tnúth leis an gcaidreamh sin a fhorbairt tuilleadh i 2022.

## Feachtais earraí ar chlinic

Tá iarracht chomhfhiosach dá dhéanamh ag SFÉ le hearraí nach ndéanann an oiread dochair don timpeallacht a aimsiú do dheontóirí ag na clinicí. Thug muid isteach peann atá 78% in-bhithmhillte i 2021, (tá sé ar fad in-bhithmhillte ach amháin na gráinní iompair agus an cartús dúigh).


















Thug muid ar ais an mhír earraí is fearr le daoine freisin, an pónaire glóthaigh, ach an uair seo is as ábhair planda atá an pota ina bhfuil na pónairí glóthaigh déanta. Tugadh isteach maisiúchán Nollag nua feilte i gcruth braoin i gclinicí agus bhí an-tóir ag deontóirí air, agus bhain go leor acu úsáid as na meáin shóisialta chun a maisiúchán nua a thaispeáint crochta go bródúil ar a gcrann Nollag.

## Cárta Deontóra Chéad Uaire


Fuair deontóirí a bhí ag deonú don chéad uair pacáiste fáilte i 2021 ina raibh cárta agus litir phearsantaigh ag glacadh buíochais leo faoina bhfreastal agus á gcur ar an eolas faoina céimeanna eile a bheadh le tógáil acu ag brath ar a stádas deontóra - nach bhfuil iarchurtha, atá iarchurtha go sealadach nó ar Dheontóirí Nua le Sampla Amháin (SONDanna) iad. Bhí foireann SFÉ ansin lena chinntiú go gcoinneofaí an nóiméad speisialta seo, nuair a b'fhéidir é, trí phictiúir a sheoladh le go mbeidís le fáil ar ár gcainéil mheáin shóisialta. Chuir sé an-áthas orainn deontóirí rialta a bheith ag tabhairt an oiread sin deontóirí chéad uaire chugainn.




## Gradaim na nDeontóirí

Ar an drochuair, ní rabhamar in ann aon searmanas bronnta do dheontóirí a bheith againn i 2021, ar aon dul leis an mbliain roimhe sin. Ach forbraíodh pacáiste ceiliúrtha i 2021 agus seoladh amach chuig ár ndeontóirí 50 agus 100 uair le haitheantas a thabhairt dóibh as a bhfuil bainte amach acu agus garsprioc deonacháin sroichte acu. Eisíodh 1,600 pacáiste gradaim deontóra 50 uair pearsantaigh i mí an Mheithimh ina raibh peann óir 50 uair SFÉ, chomh maith le teastas agus cárta le teachtaireacht comhghairdis ó Phríomhfheidhmeannach SFÉ, Orla O'Brien.

Seoladh pacáiste deontóra 100 uair freisin chuig 276 deontóir agus bhí a ngradam peileacáin agus teastas le fáil acu ann.




Níor chuir COVID-19 stop leis an gceiliúradh ar an ócáid iontach seo ag na clinicí do na deontóirí a bhain amach an líon deonuithe speisialta sin, mar go raibh foirne clinic ansin chun a chinntiú go dtabharfaí aitheantas don éacht seo agus do na garspriocanna a bhain deontóirí eile amach.

## Líon Foriomlán




**127,614**
Líon na ndeonachán lánfhola i 2021

**72,791**
Líon na ndeontoirí lena mbaineann na figiúrí thuas


## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí

| Líon Donations | Líon na nDeonachán |
|---|---|
| 1 | 35,614 |
| 2 | 22,290 |
| 3 | 12,147 |
| 4 | 2,730 |
| 5 | 4 |
| 6 | 3 |
| 7 | 3 |


## Deontóirí Lánfhola de réir Ghrúpa Fola



## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne agus Aoise



# Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Slabhra Soláthair & Loighistic, Tacú Eolaíochta & Forbairt Comhpháirte

## Na príomheachtaí a baineadh amach:

- Caomhnaíodh stoic fhola ar fud an tslabhra soláthair, a d'fhág go raibh fuil agus táirgí fola ar fáil chun freastal ar riachtanais na n-othar i gcónaí
- Caomhnaíodh feidhmeanna líne thosaigh le linn phaindéim COVID 19. Bhí ardleibhéal dúthrachta, solúbthachta agus comhlíonta ann i measc na bhfoirne ar fad
- Rinneadh obair le comhpháirtithe cúraim sláinte inmheánacha agus seachtracha le húsáid na gcomhábhar fola a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú le haghaidh na ngrúpaí othar ar fad
- Rinneadh éascaíocht ar ospidéil a raibh tionchar ag cibear-ionsaí FSS orthu trí phróisis an lámhleabhair theagmhasaigh ordaithe fola
- Cuireadh feabhas ar bhainistíocht agus ar fháil phláitín tar éis prótacail scagthástála bhaictéarach optamach a thabhairt isteach
- Rinneadh trealamh próiseála fola a athsholáthar go straitéiseach chun cumas próiseála úrscothach chomh maith le dea-chleachtas oibriúcháin a choimeád ar bun
- Tugadh isteach flít nua cóistí foirne clinic deontóra d'ionaid réigiúnacha.

Tá an fheidhm chun Comhábhair a Tháirgeadh freagrach as gach deonachán fola iomláine, linn pláitíní agus deonachán aifiréise pláitíní a fhaightear go náisiúnta a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce.

Tá an fheidhm Seirbhísí Ospidéil freagrach as fardal a bhainistiú agus ordaithe fola agus orduithe táirgí fola a fháil ó ospidéil agus a eisiúint chucu.

Tá freagracht ar na feidhmeanna Slabhra Soláthair & Loighistic chun tacú le riachtanais inmheánacha agus seachtracha gnó.

Tá an Fhoireann don Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar freagrach as gach táirge pláitíní, táirge fola iomláine neamhghnáthaimh agus táirge fuilchille deirge a eisítear ó NBC a bhainistiú. Cuireann an fhoireann sin tacaíocht eolaíoch ar fáil go laethúil freisin le haghaidh ranna éagsúla agus tá an fheidhm forbartha táirgí mar chuid dá ról.


### Gníomhaíocht Comhábhar Fola

Bhí ardú ar an líon cealla dearga (+5.1%) agus pláitíní (+6.3%) a heisíodh chuig ospidéil i 2021 i gcomparáid le 2020. Bhí an t-éileamh éagsúil i rith na bliana, mar gheall ar an tionchar a bhí ag COVID-19 ar ghníomhaíocht ospidéil agus an cibear-ionsaí ar FSS. Mar sin féin tháinig ardú i rith na bliana ar an éileamh ar chealla dearga agus pláitíní i gcomparáid le 2020.


Tugadh aonaid chealla dearga isteach ón NHSBT chun cur le stoic fhola ar dhá ócáid chun a chinntiú go mbeadh tacaíocht fhola ann do chúram othair. Allmhairíodh 525 aonad ina iomláine, grúpaí fola RhD diúltach don chuid is mó.

### Gníomhaíocht i dtaca le Táirgí Míochaineacha


Bhí ardú ar na táirgí míochaineacha a eisíodh i 2021 i gcomparáid le 2020. Bhí ardú 5.1% ar LG-Octaplas a eisíodh agus ardú 7.1% ar Riastap (Fibrinigin) a eisíodh.


Fuilchill Dhearg a Eisíodh 2017 go 2021
130,000
125,000
120,000
115,000
110,000
105,000
100,000
124,483
122,778
123,646
116,591
122,526
2017
2018
2019
2020
2021

Fíor 1


Pláitíní a Eisíodh 2017 go 2021
24,000
23,000
22,000
21,000
20,000
19,000
21,954
20,901
22,461
22,120
23,521
2017
2018
2019
2020
2021

Fíor 2


Saincheisteanna LG Octaplas agus Riastap 2017 go 2021
20,000
15,000
10,000
5,000
0
18,119
18,168
16,679
15,251
16,031
6,838
7,154
8,220
7,826
8382
2017
2018
2019
2020
2021
LG-Octaplas
Riastap 1g

Fíor 3



# TÁSTÁIL



# An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (NDSL)

Cuimsíonn an tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (NDSL) na trí shaotharlann tástála deontóra: Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí (ADG), Víreolaíocht agus Tástáil le haghaidh Aigéid Núicléasaigh (NAT). Tugann an comhoibriú leathan seo idir na trí shaotharlann tástála deontóra an cumas chun anailís sreabhadh oibre barrmhaitheasa a dhéanamh, úsáid straitéiseach na bpríomhphearsanra eolaíochta, uasoiliúint phearsanra eolaíochta in iliomad disciplíní, méadú ar thaighde agus forbairt sna réimsí ar fad agus tuilleadh seirbhísí tástála a chur ar fáil do SFÉ.

## Na príomheachtaí a baineadh amach

- Caomhnaíodh an tástáil ar dheonuithe, próiseáil ar thorthaí chuig caighdeáin arda cáilíochta ar bhonn seasta agus oiliúint ar chomhaltaí nua foirne le linn na paindéime COVID-19. Bhí lear mór díograis agus solúbthachta ó na foirne i gceist leis seo, chomh maith le hathruithe móra ar chleachtais oibre chun na foirne a choinneáil slán, agus ag an am céanna seirbhís an NDSL a choimeád
- Bhain an NDSL amach an deimhniúchán glas is airde le My Green Lab, eagraíocht neamhbhrabúis atá ina ceann ródaí le inbhuanaitheacht saotharlainne domhanda a fheabhsú. Tá an NDSL ar an gcéad saotharlann Eolaíochta Míochaine agus ar an tríú saotharlann in Éirinn fós leis an stadas 'Glas' seo a bhaint amach. Is éacht iontach é seo agus is tionscnamh straitéiseach é atá mar chuid dár straitéis SFÉ 'Connections that Count'
- An rolladh amach ar an gclár tras-oiliúna atá ag leanúint ar aghaidh le tacaíocht ón Oifigeach Oiliúna agus Oideachais chun tacaíocht tras-fheidhme a chur ar fáil idir na foirne sna trí roinn
- Cuireadh i gcrích go sásúil dhá bheart tástála teagmhasach le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban (SNBTS) faoi shrianta COVID-19 a bhí thar a bheith dúshlánach
- D'aistrigh ADG chun cineál breisithe Rh (C, c, E, e) a chur i gcrích ar gach deontóir. Leis sin, tugtar rogha níos fearr aonad sna hospidéil d'othair a bhfuil antaibheathaigh fuilcheall dearg acu a bhíonn ann go coitianta
- Soláthraíodh dhá anailíseoir nua PK7400 chuig ADG i mí na Nollag 2021. Is iad sin na príomh anailíseoirí fuilghrúpa a bhíonn á n-úsáid ag SFÉ, agus bainfear úsáid astu chun cineálacha ABO agus Rh a shannadh do na deonuithe ar fad. Tabharfar bailíochtú chun críche i 2022
- Bailíochtú ar dhá mheasúnacht scagthástála Maláire sa roinn Víreolaíochta
- Foilsiú staidéir séirealeitheadúlachta SARS-CoV-2 i ndeontóirí Fola na hÉireann, a bhreathnaigh ar leitheadúlacht an víris SARS-CoV-2 i ndaonra na hÉireann idir Eanáir 2020 agus Meán Fómhair 2020. Ba é seo an staidéar ba mhó den chineál seo a tugadh chun críche go dtí seo in Éirinn
- Thug an tsaotharlann Víreolaíochta faoin staidéar Antasubstaintí SARS-CoV-2 i ndeontóirí Fola Óga Phoblacht na hÉireann (SAYBR) i gcomhar le foireann Aonaid Séireipidéimeolaíochta HPSC (SEU)- Clár Séireafhaireachais Náisiúnta
- Staidéar leanúnach i gcomhar leis an SEU- a bhfuil sé mar aidhm aige an séirealeitheadúlacht antasubstaintí cainníochtúla ar SARS-CoV-2 i ndeontoirí fola fásta a mheas

- Athbhreithniú ar na sonraí go léir atá coinnithe sa saotharlann NAT ar a n-áirítear amanna coinneála ar shonraí agus athbhreithniú leanúnach ar eolas atá taifeadta agus coinnithe ar cháipéisí NAT
- An dul chun cinn maidir leis an tréimhse choinneála 10 mbliana do shamplaí carlainne deontóra.

## Gníomhaíocht Saotharlainne NDSL

I 2021, rinne an NDSL tástáil ar 137,022 deonachán, agus tháinig 131,370 acu sin ó dhaoine ar dheontóirí athfhillteacha iad (96%) agus 5652 (4%) acu ó dheontóirí céaduaire. Lena chois sin, rinneadh tástáil ar 741 deontóir nua nár thug ach sampla.

Rinneadh gach deonachán a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- ADG: ABO/Rh, feinitíopa breisithe Rh (CcEc), scagthástáil antasubstainte deontóra agus A/B ardtítir
- Víreolaíocht: Antasubstaint a bheith i láthair in aghaidh víris Easpa Imdhíonachta Daonna (frith-VEID 1 / 2), antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C (frith-VHC), antasubstaint in aghaidh víreas Daonna T-Limfeatrópach chineál I agus II (frith-HTLV-I/II), antasubstaint in aghaidh chroíleacán Heipitíteas B (frith-HBc), Antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg), antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum (Siflis)
- NAT: Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna chineál 1 agus 2 (VEID-1/2), víreas Heipitíteas C (VHC) agus víreas Heipitíteas B (VHB), víreas Heipitíteas E (VHE).

Rinneadh deonacháin roghnaithe a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- ADG: Cineálacha breisithe antaigine (féach Fíor 7), haemaglóibin S, scagthástáil nuabheirthe le haghaidh antasubstaintí. Déantar deontóirí a thíopáil le haghaidh cineálacha breisithe antaigine (Fya/b, Jka/b, M, S/s) le haghaidh orduithe mar is gnáth ón ospidéal agus, chomh maith, chun feinitíopaí níos neamhchoitianta nó meascáin de chineálacha diúltacha antaigine a shainaithint.
- Baineann sin de ghnáth le hothair a bhfuil riachtanais chasta fuilaistrithe acu amhail galar corráncheallach, antasubstaintí iolracha ceall dearg agus le fuil atá meaitseáilte go próifiolacsach ó thaobh antaiginí de d'fhuilaistrithe ionútaracha, agus othair áirithe a bhfuiltear ar an eolas fúthu go dtáirgeann siad antasubstaintí ceall dearg
- Víreolaíocht: Tástáiltear deonuithe roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) (timpeall 80% de dheonuithe) ionas go mbeidh soláthar de dheonuithe CMV dhiúltaigh ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtú CMV e.g. othair atá imdhíon-lagaithe
- NAT: Rinneadh scagthástáil ar dheonuithe roghnaithe do Víreas na Níle Thiar (WNV) ó Lúnasa go mí na Nollag 2021. Rinneadh an tástáil ar dheonuithe a thaisteal chuig ceantar a raibh baol WNV ag baint leis le linn na 28 lá roimhe sin. Déantar an tástáil seo go hiondúil ó mhí na Bealtaine go mí na Nollag gach bliain ach cuireadh séasúr tástála níos giorra i bhfeidhm i 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na srianta taistil a bhain léi.

### Tábla 7: Céatadán na ndeonuithe ceall dearg a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh tíopaí breisithe antaigine

| | |
|---|---|
| **Fya** | 5% |
| **Fyb** | 1% |
| **M** | 5% |
| **S** | 5% |
| **S Beag** | 1% |
| **Jka** | 5% |
| **Jkb** | 4% |

Tá dhá uirlis in úsáid in ADG: Úsáidtear PK7300 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. Córais imdhíonhaemaiteolaíochta atá sa dá uirlis agus úsáideann an dá cheann acu teicnicí haemaighleanúna agus íograithe araon. Is córas micreaphláta ar thréchur ard é an PK7300 agus úsáideann Ortho Vision teicneolaíocht gleanúna colúin chun tabhairt faoi thástálacha. Baintear úsáid as teicnící láimhe d'fhonn antasubstaint a aithint agus tréithe corráin a thástáil.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta scagthástáil le Córas Abbott Alinity s, arb anailíseoir imdhíonmheasúnachta iomlán uathoibrithe ar thréchur ard é atá deartha le teicneolaíocht imdhíonmheasúnachta ceimealonraí (CMIA) a úsáid le fáil amach an bhfuil antaiginí agus antasubstaintí sonracha i láthair.

Déanann saotharlann NAT tástáil ar Dheonacháin Aonair (ID-NAT), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther chun sin a dhéanamh i gcomhar le measúnachtaí Ultrio Elite (UE) HEV agus WNV. Is córas dúnta iomlán uathoibrithe é an gaireas Panther a úsáidtear le haghaidh tástáil NAT. Measúnacht ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (TMA) is ea measúnacht Procleix UE chun RNA HIV-1/2 RNA, RNA HCV agus DNA HBV a bhrath i bplasma de bhunús daonna. Úsáidtear measúnacht Procleix HEV chun RNA HEV a bhrath. Déanann measúnacht WNV leibhéal íseal RNA WNV (ginealach 1 agus 2) a bhrath go hiontaofa i ndeonacháin fola.

Déanann an tsaotharlann tástálacha scagthástála freisin ar mharcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de SFÉ, ar a n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhlaí croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Measúnaithe Cáilíochta Seachtracha

Bíonn NDSL rannpháirteach i roinnt scéimeanna seachtracha um ráthú caighdeáin (EQA). Fuair gach roinn in NDSL torthaí sásúla ina EQA ábhartha.

Bíonn ADG páirteach i dtrí scéim NEQAS agus i scéim EDMS amháin gach bliain. Is é atá i gceist leis sin ná 19 beart séireolaíochta ar leith agus 6 bheart maidir le haemaglóibin nemhghnách.

Bíonn an roinn Víreolaíochta páirteach i dtrí cinn de chláir inniúlachta: ceann amháin a scaipeann Seirbhís Sheachtrach Náisiúnta Measúnaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) don Mhicribhitheolaíocht, an dara ceann ón NRL, an Astráil agus ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQMNAT). Tugadh 25 cleachtadh oilteachta chun críche ina iomláine i 2021 i Víreolaíocht, a mheas na marcóirí Víreolaíochta ar fad a ndearnadh iad a thástáil sa saotharlann.

Ghlac saotharlann NAT páirt i gcúig chlár oilteachta: ceann amháin a chuir NRL, an Astráil ar fáil, ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Mhíochaine & Cúram Sláinte (EDQM), ceann ó Rialú Caighdeáin do Dhiagnóisic Móilíneach (QCMD), RA agus péire ón Lárionad Náisiúnta um Mhíochaine a Rialú agus a Mheas (CNCF), an Iodáil. Tugadh aon chleachtadh oilteachta déag chun críche ina iomláine i saotharlann NAT i 2021. Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais a ritheann an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte Fuil agus Trasphlandú (NHSBT) Aonad Eipidéimeolaíochta/Gníomhaireacht Cosanta Sláinte UK. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe leantacha agus ar na rátaí dearfacha deimhnithe le haghaidh trealaimh tástála ag baint úsáid as uimhreacha éagsúla luchtóige imoibrithe leis an NHSBT. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

## Tástáil Teagmhais NDSL

Os rud é gur áis tástála náisiúnta é NDSL, tá plean tástála seachtrach ag SFÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban sa chás is go mbeadh cliseadh criticiúil ar uirlisí ar an láthair. D'éirigh le NDSL páirt a ghlacadh in dhá bheart i 2021, faoinar seoladh samplaí ó 24 deontóir i gcomhair tástála agus d'éirigh go maith leis. Níorbh éigean an plean a ghníomhachtú i gcás 'beo' ó rinneadh an tástáil a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola i 2010.

## Iniúchtaí NDSL


Glacann an tsaotharlann páirt fosta i roinnt clár don Iniúchadh Inmheánach agus Seachtrach lena chinntiú go mbaintear amach comhlíonadh sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS). Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), rannóg Dearbhaithe Cáilíochta (QA) SFÉ agus Saotharlann NDSL iniúchadh ar phróisis agus modhanna oibre NDSL.

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)

Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (NHIRL) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil atá deartha chun tacú leis na cláir aistrithe gascheall ailigéineach haematopoietice (HSTC) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leoicéime, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Aimsíonn an tsaotharlann an cineál antaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) sula ndéantar trasphlandú chun cabhrú le deontóir a roghnú. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha atá bunaithe ar an imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) amháin chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní HLA a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte HLA. Ar an 15 Meitheamh 2020, chuir NHIRL tús le tíopáil HLA le haghaidh 11 loci HLA (HLA-A, B, C, DRB1/3/4/5, DQA1, DQB1, DPA1, DPB1) trí Sheicheamhú don Chéad Ghlúin Eile (NGS) ina n-úsáidfear ardáin Illumina MiSeq.

Tá clár leathan dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann a chuimsíonn rannpháirtíocht i gcláir tástála inniúlachta inmheánacha agus seachtracha araon do thíopáil HLA, géinitíopáil antaiginí pláitín daonna (HPA) agus fiosrúcháin antasubstaintí HLA. Tá creidiúnú faighte ag NHIRL ón gCónaidhm Eorpach um Imdhíonghéineolaíochta (EFI) ó 2001 ar aghaidh.




Fíor 4


Rinne NHIRL tíopáil HLA ar shamplaí ó 281 othar Éireannacha le haghaidh trasphlanduithe féideartha gascheall fuilghinte i 2021 agus rinneadh tíopáil HLA ar a ngaolta chomh maith. I gcás na n-othar sin nach mbíonn deontóir oiriúnach acu atá muinteartha leo, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ó chlár na ndeontóirí deonacha neamhghaolmhara. Cuireann NHIRL seirbhís thacaíochta imdhíonghéineolaíochta ar fail don Chlárlann Smeara Neamhghaolmhar (UBMR).
Ó Dheireadh Fómhair 2019 ar aghaidh, tá ceist ar Cheistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála (HLQ) na ndeontóirí fola do dheontóirí ar aois idir 18-25 ag fiafraí díobh an mbeadh suim acu clárú leis an gclárlann smeara. Bhí sé mar thoradh ar seo gur tháinig ardú mór ar an líon deontóirí a chláraigh. Tháinig 3,423 deontóir nua isteach i 2021 agus 9,765 deontóir nua ó Dheireadh Fómhair 2019.

Rinneadh 57 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair san iomlán i 2021.
Le 10 mbliana anuas, tá Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann tar éis 524 thrasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha **Figiúr 4**.

Lena chois sin, rinneadh 275 deontóirí pláitíní san iomlán a thíopáil mar dheontóirí HLA-A agus -B, agus cuireadh san áireamh iad ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar barrmhaith táirgí pláitíní do na hospidéil.

Fuair NHIRL 1,660 sampla mar pháirt d'iniúchtaí cliniciúla i 2021 **Figiúr 5**.
Chomh maith leis an tacaíocht do na cláir trasphlandaithe gaschille, cuireann NHIRL seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní ar fáil d'imscrúdú séireolaíoch ar trombaicítipéine nuabheirthe alla-imdhíonach (NAIT), galar corcra iar-fhuilaistrithe (PTP), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar thrasphlandú. Líon na n-imscrúduithe do NAIT i 2021 (n=23).

## Iniúchtaí Cliniciúla NHIRL




Fíor 5

Cuireann NHIRL seirbhís rialta um thíopáil HLA gaol galair ar fáil. Bhain 3,207 ceann de na 9,023 sampla a fuarthas le haghaidh tástála sa NHIRL i 2021 leis an tseirbhís sin. Cuirtear ar aghaidh an chuid is mó de na samplaí (86%) le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha. Cuireann an tseirbhís tíopáil HLA ar fáil fosta do na nithe seo: Galar Céiliac (DQ2/DQ8 1.6%), Galar Behcet (B*51 3.6%), frithghníomhú hipiríogaireachta de bharr Abacavir (B*57:01,-6%), Narcailéipse (DQB1*06:02,-1.4%) agus reitineachóróideapaite Birdshot (A*29,-1.3%).

## An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (BGGL)

Déantar Grúpa Fola Móilíneach a thíopáil sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola de chuid na Roinne Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta san Ionad Náisiúnta Fola. Is é an cuspóir atá ann seirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach a sholáthar chun grúpaí fola a chinneadh.




Cuireann an tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola seirbhís ar fáil do na nithe seo a leanas:

- Scagthástáil le haghaidh RHD Féatais
- Imscrúdú ar Ghéinitíopa D lag
- Imscrúdú ar Athraitheach RHD
- Imscrúdú iomlán ar Ghéinitíopa RBC
- Imscrúdú ar Athraitheach RHCE

Úsáidtear tástáil bunaithe ar DNA níos minice anois chun feinitíopa fuilghrúpa a thuar agus chun cleachtais a fheabhsú sa mhíochaine fuilaistriúcháin. Má chuirtear fuilchealla dearga a bhfuil antaigin faoi leith iontu isteach in imshruthú duine nach bhfuil an antaigin sin iontu (trí fhuilaistriú nó toircheas), féadfar freagairt imdhíonachta a mhúscailt. Féadfaidh táirgeadh iarmhartach antasubstaintí tionchar suntasach a imirt ar ghalracht agus fiú ar bhásmhaireacht an othair.

Le modhanna íogaire, amhail imoibriú slabhrúil polaiméaráise cainníochtúil (qPCR), cuirtear ar fáil an cumas leibhéil an-íseal DNA a bhrath agus tá siad an-infheidhme chun géinte fuilghrúpaí féatais a bhrath in DNA atá saor ó chealla a bhaintear as fuil na máthar.


Fuarthas 3,174 sampla sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola don scagthástáil le haghaidh *RHD* 6 Féatais i 2021 **Figiúr 6**. Sna torthaí don scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais, aithníodh 57.7% mar RHD-deimhnitheach, 38.6% mar RHD-diúltach, agus 3.3% mar neamhchonclúideach. Tháinig ardú ar na hatreoruithe do *RHD* Féatais le 81% óna 1,751 sampla a tástáladh i 2020. Tá na torthaí ón scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais ar fáil go leictreonach trí Medibridge d'ospidéil an atreoraithe agus cuireadh i bhfeidhm é le haghaidh Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naíonáin i 2021.




Fíor 6

Le dearbhú móilíneach ar fhuilghrúpaí, cuirtear ar fáil modh cumhachtach a sháraíonn an-chuid de na teorainneacha a bhaineann le modhanna séireolaíocha, chomh maith le tíopáil ar ghléine níos airde a chur ar fáil don tíopáil fuilghrúpaí (e.g. athraithigh *RHD* agus *RHCE*, sóchán $FY_{GATA}$).

Faoi láthair, aithnítear 43 Córas Fuilghrúpa Daonna, rinneadh a ngéinte a chlónáil agus cinneadh an bonn móilíneach a bhaineann le hantaiginí ar leith; aithnítear corradh le 300 fuilghrúpa ar leith sna 43 Córas Fuilghrúpa. Rinne an tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola tástáil ar 657 sampla ar an iomlán i 2021 mar chuid d'imscrúdú ar Ghéinitíopa D lag; imscrúdú ar athraitheach *RHD*; imscrúdú iomlán ar Ghéinitíopa RBC; agus imscrúdú ar athraitheach RHCE **Figiúr 7**.




Fíor 7

# Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Chill Dhearg (RCI)

Cuireann an tSaotharlann RCI seirbhísí fairsinge réamhaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

## Na príomheachtaí a baineadh amach

### Éachtaí Taighde agus Oideachais

Tá foireann na saotharlainne RCI dúthrachtach faoi thaighde agus oideachas agus, in ainneoin na ndúshlán leanúnacha mar gheall ar an bpaindéim, baineadh roinnt éachtaí amach sa réimse sin i 2021.

- Bhí foireann saotharlainne RCI i láthair ag Comhdháil Chumann Haemaiteolaíochta na hÉireann agus ag cruinniú Ghrúpa Úsáideoirí Ortho i 2021
- Chuir foireann na saotharlainne RCI léiriú póstaeir i láthair ag cur béime ar *"Na Dúshláin atá roimh sholáthar a dhéanamh ar fhuilghrúpaí neamhchoitianta d'othair ó mhionlaigh eitneacha in Éirinn"* i gcomhar le roinn mhíochaine SFÉ
- Glacadh le léiriú póstaeir ar "Tá Bombay in Éirinn" i gcomhair an léiriú póstaeir ag Comhdháil an BBTS
- Tá an-mheas sa tsaotharlann RCI ar rannpháirtíocht úsáideoirí agus ar chaidreamh le custaiméirí. Ag teacht ón rath a bhain leis an gcéad Shiompóisiam Úsáideora de chuid RCI a ritheadh i mí na Samhna 2020, rinne RCI óstáil ar Shiompoisiam Úsáideora RCI eile i mí na Nollag 2021, áit a ndearna foireann Shinsir RCI cur i láthair ar réimse cásanna suimiúla a raibh an tsaotharlann ag déileáil leo i rith na bliana
- Ritheadh seisiún Ceist agus Freagra freisin a thug deis d'úsáideoirí na saotharlainne idirghníomhú le foireann RCI. Glacadh go maith leis an imeacht agus fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ar fad ina leith.

### Éachtaí na Saotharlainne

Lean foireann RCI ag dul i ngleic leis an dúshlán a bhain le paindéim domhanda COVID-19. Chinntigh siad go raibh leanúnachas seirbhíse ann chomh maith le samplaí a thástáil ó othair a raibh toradh deimhneach acu le haghaidh COVID-19.

- Bailíochtaíodh agus tugadh isteach anailíseoir uathoibríoch Orto Vision faoin dáta oibriúcháin de ráithe 1 2021
- Rinneadh uasghrádú ar an gcóras RCI LIMS, eTraceline
- Tugadh bailíochtú shéiream AB le comhartha CE agus bailíochtú Chaolaitheora nua Hamilton do chainníochtú chun críche
- Cruthaíodh próiseas nua d'iarratais chustaiméara
- Rinneadh forbairtí agus feabhsuithe móra mar ullmhúchán d'imscrúdú/ISO15189 INAB do chreidiúnú i 2021 ar a n-áirítear na héachtaí seo a leanas:
- Scríobhadh Lámhleabhar Saotharlainne RCI agus rinneadh nuashonrú ar Lámhleabhar Chustaiméara RCI. Tá an dá lámhleabhar ar fáil ar an laithreán gréasáin giveblood.ie
- Forbraíodh clár iniúchta inmheánach do shaotharlann RCI

- Rinneadh forbairt ar nós imeachta bainistíochta riosca a rinne an caighdeán nua ISO 22367 a ionchorprú. Chuimsigh sé seo measúnuithe riosca FMEA do phróisis réamhscrúdaithe, scrúdaithe, iarscrúdaithe agus measúnuithe ar leith d'anailíseoirí uathoibríocha a thabhairt chun críche
- Cuireadh bailiú sonraí & tomhais KPIeanna Cáilíochta i bhfeidhm
- Thug saotharlann RCI creidiúnú réamhscrúdaithe ISO 15189 chun críche i Ráithe 1 2022.
- Rinneadh suirbhé chun sástacht custaiméirí a mheas a dháileadh chuig na taiscí fola ar fad sna hospidéil ag deireadh 2020 le haiseolas a fháil faoin tseirbhís a soláthraíodh agus mar chuidiú le plean straitéiseach na saotharlainne RCI a mhúnlú faoi choinne 2021.

## Gníomhaíocht saotharlainne

Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil i Saotharlann RCI tá na seirbhísí a leanas:

- fuil atá crosmheaitseáilte a chur ar fáil d'othair a bhfuil antasubstaintí casta acu
- imscrúdú ar antasubstaintí ceall dearg lena n-áirítear cásanna casta séireolaíocha
- Imscrúdú Frithghníomhartha Haemalaíocha Aistrithe Fola
- Tíopáil ABO/R, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola
- Imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine
- Imscrúdú Ainéime Uath-imdhíonachta Haemalaíche
- Imscrúdú ar thrasnaíocht antasubstaint mhonaclónach
- imscrúdú ar ghalar haemalaíoch an fheatais & nuabheirthe (HDFN)
- ;scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antasubstaintí fuilcheall dearg chun toircheas i mbaol a aithint; (cainníochtú antasubstaintí agus/nó toirtmheascadh antasubstaintí de réir mar is iomchuí)
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol
- feinitíopáil níos leithne le haghaidh othair atá ag brath ar fhuilaistriú agus othair a bhfuil antasubstaintí casta ceall dearg acu
- feinitíopáil ar chealla dearga deontóirí nuair a iarrtar
- comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe, agus
- Seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta
- seirbhísí bainc fola ospidéil a chur ar fáil le haghaidh Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire agus Ospidéal Súl agus Cluas Victoria Ríoga.

Rinneadh tástáil ar 2712 sampla sa tSaotharlann RCI i 2021, méadú 19.3% i gcomparáid le líon 2020. Bhí ardú eile le brath i 2021 ar atreoruithe ó othair a bhí ag fáil an druga Daratumumab chun cóir leighis a chur ar mhialóma iolrach. Tugadh ceadúnas chun an druga sin a úsáid in Éirinn in Aibreán 2018. Bhí méadú mór de 24.06% le feiceáil i dtástáil chomhoiriúnachta freisin agus ar shamplaí ar ghlao i 2021 agus de 16.22%. ar iarratais lasmuigh de ghnáthuaireanta.

## Tábla 8: Comparáid idir líon samplacha 2020 agus 2021

| | Líon iomlán na samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Anta-substaint ID | Líon Frith-D | Líon Frith-C | Trasnaíocht Mhonaclónach | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Coimpléisc | Samplaí ar glaoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2020 | 2274 | 5 | 2071 | 426 | 134 | 256 | 927 | 880 | 185 |
| 2021 | 2712 | 3 | 1844 | 394 | 171 | 312 | 1150 | 1140 | 215 |
| (%) | +19.26% | -50% | -11% | -7.5% | +27.61% | +21.88% | +24.06% | +29.55% | +16.22% |

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, fuarthas ardleibhéal leanúnach de shamplaí casta nó neamhchoitianta ó thaobh na séireolaíochta de. D'aithin an tSaotharlann RCI na samplaí casta seo a leanas i 2021, cuid acu a raibh alla-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:



## Tábla 9:

| Antasubstaint a Aithníodh | Líon Samplaí | Líon Othar |
|---|---|---|
| Frith-Ce | 10 | 5 |
| Frith-cE | 2 | 2 |
| Frith-Ch/Rg | 48 | 12 |
| Frith-f | 1 | 1 |
| Frith-G | 57 | 11 |
| Frith-H | 1 | 1 |
| Frith-Kna | 1 | 1 |
| Frith-P1 | 4 | 3 |
| Frith-PP1Pk | 9 | 1 |
| Antasubstaintí eile HTLA | 15 | 8 |
| Imdhíonach Frith-B | 4 | 3 |
| Oiriúnaithe do Chóras Áirithe | 15 | 13 |
| Bainteach le CR1 | 1 | 1 |
| Frith-Wra | 9 | 4 |
| Frith-Yta | 1 | 1 |
| Frith-Lua | 20 | 8 |
| **Iomlán:** | **198** | **75** |

Othair réamhbhreithe atá i gcuid mhór de na hothair seo agus, mar aon leis an antasubstaint cille deirge a aithint, rinneadh bainistiú ar an mbaol HDFN agus ar na riachtanais fhola a d'fhéadfadh a bheith ag an máthair agus ag an leanbh araon. Toradh dearfach a bhí ann don mháthair agus don leanbh go dtí seo.

Lean an tsaotharlann ar aghaidh lena fardal de Chealla Neamhchoitianta Tagartha agus Antaiséirim a fhorbairt (trí bhallraíocht den líonra Idirnáisiúnta Malartaithe um Séirim, Cealla agus Sreabháin Neamhchoitianta (SCARF) agus de Mhalartán Ceall na Ríochta Aontaithe). Cuireadh barr feabhais ar a modheolaíochtaí tástála chun iad a chur in oiriúint do dhéimeagrafaigh phobal na hÉireann a bhíonn ag athrú.

## Fuil/Táirgí Neamhchoitianta a Allmhairiú

Allmhairíodh ceithre aonad ó thar lear d'othair RCI i 2021.

## Rannpháirtíocht i scéimeanna dearbhaithe cáilíochta seachtracha

Tá an tsaotharlann RCI rannpháirteach i dtrí cinn de scéimeanna éagsúla um dhearbhú cáilíochta; ceithre bheart in IEQAS, ceithre bheart in AQQAS agus 10 mbeart in NEQAS chomh maith le scéimeanna píolótacha NEQAS san fheinitíopáil ceall dearg, DAT agus toirtmheascadh antasubstainte. Ina theannta sin, tá an tsaotharlann RCI páirteach i scéimeanna comparáide idir saotharlanna do theicnicí eisionnalta, toirtmheasctha antasubstaintí agus teicnící asúcháin. Bhí na torthaí go léir a fuarthas sásúil.

## Saotharlann Diagnóisice Chorcaí

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice ag IRAFM gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíon-haemaiteolaíochta araon agus saotharlainne ar fáil. Cuirtear na chéad chinn ar fáil d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire, chomh maith le seirbhísí tagartha imdhíon-haemaiteolaíochta agus saotharlainne do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh seachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

Ar na seirbhísí a chuireann an tsaotharlann Diagnóisice ar fáil tá:

- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: Déanann IRAFM grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn siad cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Cuirtear comhairle saotharlainne agus chliniciúil ar fáil do na hothair seo. Imscrúdú ar frithghníomhartha féideartha ar aistriúcháin fhola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fhuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn IRAFM tíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair spleácha aistrithe fola, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/bhabaí nuabheirthe, agus antasubstaintí casta

a chuireann cealla dearga sínte meaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. Féadfar gur gá uaireanta an chloig a chaitheamh chun samplaí ar leith a fhiosrú ina iomláine sna cásanna seo agus tá seans ann go mbeadh gá le scagthástáil deonachán a dhéanamh nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf.

- B'éigean 8 sampla ó othair a chur ar aghaidh chuig speisialtóirí sa tsaotharlann idirnáisiúnta tagartha um ghrúpaí fola (IBGRL) i mBriostó, agus cuireadh 55 sampla eile ar aghaidh chuig NBC le géinitíopáil a dhéanamh orthu. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn IRAFM othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gcóras orduithe leictreonach (EOS) maidir le cealla dearga thíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do linbh.
- Ós iad na heolaithe atá ar dualgas taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre, cuireann an tsaotharlann diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhábhair fola agus is iadsan an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí na baill foirne leighis.
- Baineadh amach leibhéal sásúil i Scéimeanna Seachtracha Measúnaithe Cáilíochta le linn na bliana.

Gníomhaíocht Saotharlainne Diagnóisice 2021

Líon iomlán samplaí a fuarthas i 2021: 3509 (2020 : 3007) Tháinig an t-ardú seo ar líon na samplaí go díreach mar gheall ar COVID-19 i 2020 agus, dá bharr sin, cuireadh gnáthaimh ospidéil agus, ar an ábhar sin, riachtanais fola, ar ceal.





# SEIRBHÍSÍ EILE



# Fíochán

Tá banc fíocháin SFÉ lonnaithe san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath. Sna saoráidí, tá méid áirithe seomraí glana atá riachtanach chun fíocháin daonna a deonaíodh a phróiseáil agus a leithdháileadh. Cuireann an tseirbhís fíocháin ar fáil ar fud na tíre chuig ospidéil éagsúla faoi choinne máinliacht oftalmach agus cardashoithíoch. Is iad na táirgí fíocháin atá ar fáil ná coirní, scléara, aimnian, fascia lata, peieacairdiam, comhlaí croí agus craiceann.

Bhí COVID-19 go mór i gceist arís i 2021. Bhí fadhb ag baint leis an tsoláthar fíocháin agus bhí ganntanas fíocháin deonaithe ann ar fud na cruinne de bharr nach raibh deontóirí ar fáil. Ionfhabhtuithe COVID-19 agus srianta ar rochtain chuig obrádlann agus spás in aonaid dianchúraim ba mhó ba chúis leis. D'ainneoin sin bhí an líon deontóirí comhla croí a fuarthas agus an líon comhlaí a eisíodh comhionann le 2020 agus bhí 30% ardú sa líon fíochain súl a dáileadh le hais 2020.

Tugadh bailíochtú tháirgeadh bhraonta súl séirim allaigineacha chun críche agus táthar ag súil go gceadóidh HPRA tús a chur leis an tseirbhís go luath i 2022. Is seirbhís nua a bheidh anseo a chuirfidh SFÉ ar fáil d'Oftailmeolaithe a chuireann cóir ar othair a bhfuil súile thar a bheith tirim acu agus nach bhfuil cóir thraidisiúnta ag déanamh aon mhaith dóibh.

Tugadh cead freisin le linn 2021 banc Súl na hÉireann a oscailt arís, rud a chuirfidh ar chumas dheontóirí na hÉireann a gcoirní a dheonú arís tar éis a mbáis. Cuirfear tús le breis foirne a earcú chun beartú leis an tionscadal seo a chur i bhfeidhm go luath i 2022.

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann

### Na príomheachtaí a baineadh amach:

- Cuireadh táirgí gaschille ar fáil go leanúnach in ainneoin shrianta COVID-19 ar an taisteal idirnáisiúnta
- Leanadh ar aghaidh le Measúnaithe Deontóra agus seoltaí idirnáisiúnta samplaí in ainneoin shrianta COVID-19
- Nuair a tháinig táirgí gaschille chuig Saotharlann Chrióibhitheolaíochta Ospidéal San Séamas, cuireadh crióchaomhnú i bhfeidhm orthu nó, nuair ba ghá, cuireadh crióchaomhnú i bhfeidhm orthu sular aistríodh iad, i dtír an bhailithe, nuair a bhí sé sin ar fáil. Ar an dóigh sin, coinníodh an tsábháilteacht d'fhaighteoirí le linn cuinsí athraitheacha
- Bhain IUBMR amach athchreidiúnú le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain.

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsir fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu.
I gcás an lín mhóir othar nach bhfuil rogha na tosaíochta acu, is é sin siblín atá go hiomlán comhoiriúnach dóibh, tá tríocha a hocht milliún deontóir ar fáil ar fud an domhain agus, astu sin, féadfaidh deontóir nach bhfuil gaolta leo malairt rogha a chur ar fáil dóibh.

Chun freastal ar an ngá le deontóirí chun cealla sinsir fuilghinte a dheonú d'othair Éireannacha agus d'othair ar fud an domhain, bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) i 1989.

I gcás Chlárlann na hÉireann, déantar deontóirí a chuardach agus a roghnú le haghaidh othair in Éirinn a bhfuil trasphlandú de dhíobháil orthu. Tá bunachar sonraí sa chlárlann fosta de dheontóirí in Éirinn atá toilteanach gaschealla fola a dheonú.

Déanann an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht tíopáil fíochán ar dheontóirí atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar. Tá an chlárlann ceadúnaithe ag HPRA de réir Threoir Fíocháin an Aontais Eorpaigh 2004/23/CE.

## Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó bhunachar sonraí Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Ba 105 othar a cuirreadh ar aghaidh chuig CSNÉ i 2021 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhara.

Fuair seasca a haon othar Éireannach trasphlandú gaschille ó dheontóir neamhghaolmhar i 2021.

Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór.

Rinne an chlárlann éascaíocht ar 63 bailiúchán cille i 2021. Orthu sin bhí 16 smior, 42 gaschill fola imeallacha agus 2 bhailiúchán fola corda. Rinneadh trí insileadh Limficite Deontóra freisin.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Tá ceangal idir Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann agus Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smearaigh (EMDIS), ar córas cumarsáide é a chuireann ar a gcumas do chlárlanna idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástáil leathnaithe. Roghnaíodh tríocha a seacht deontóir IUBMR i gcomhair tástáil bhreise i 2021.

## Earcú Deontóirí Éireannacha

I 2021, thug 3,556 deontóir nua samplaí fola chun clárú le Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann, a chuirfear leis na 23,000 deontóir féideartha atá ar an gclár faoi láthair.

## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO)

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil an haemafhaireachas sár-riachtanach chun cleachtas sábháilte fuilaistrithe chliniciúil a fhorbairt. Déanann sé eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe a eascraíonn as fuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur lena dtarlú nó lena n-atarlú. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO), atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ). Ó bunaíodh an clár i 1999, tuairiscíodh 8,131 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach ar an iomlán mar thoradh ar fhuilaistriú.

Déanann NHO idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (HVOnna) atá bunaithe in ospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, cothaíonn NHO naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (IHN), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe (SHOT).

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEnna) - éigeantach agus neamhéigeantach

Déanann NHO athbhreithniú ar SAEnna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir AE maidir le Fuil 2002/98/CE, agus ar SAEnna neamhéigeantacha a bhaineann le gnéithe cliniciúla an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí sin ó fhorais fola, ó bhainc fola agus saoráidí ospidéil. Tuairiscíodh 134 SAE éigeantacha le linn 2021 (52% de na SAEnna go léir). Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 124 SAE neamhéigeantacha (48% de na SAEnna go léir), a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla. Cuimsítear san fhigiúr sin teagmhais a bhain leis an Fhuil Chontráilte san Fheadán (líon=58) a bhailigh NHO.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARanna) - éigeantach agus neamhéigeantach

Ag am scríofa na tuarascála seo, tuairiscíodh 124 fhrithghníomh a thagann leis na critéir i 2021. Tá méadú tagtha ar an líon SAR Éigeantach (78) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid leis an líon a taifeadadh i 2020 (62).

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Ní mór de na hospidéil go léir atá ag aistriú fola chomh maith leis na forais fola ar fad foirm ANSARE a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig an NHO, d'fhonn Treoir an Choimisiúin 2005/61/ EC Annex II D agus III C a chomhlíonadh. Thuairisc an NHO 179 tuarascáil éigeantach i 2021 (don bhliain tuairisce 2020), agus bhí tiomsú na tuarascála ANSARE 2021 ag dul ar aghaidh ag am scríofa.

## An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA)

Is é HPRA an tÚdarás Inniúil chun gach gné de threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm agus, mar a tharla sna blianta roimhe seo tionóladh cruinnithe go rialta le NHO chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna chun teagmhais a ndearnadh tuairisc orthu a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn NHO le forbairt leanúnach ar chláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí hobair a dhéanamh i ndlúthpháirt le HVOnna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh den oideachas leanúnach ar eolaithe leighis fochéime agus iarchéime agus cláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana.

## Ríomhfhoghlaim

Lean SFÉ de cheadúnú agus sholáthar clár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS.

Tá formhór na n-ospidéal in Éirinn agus cuid de na hinstitiúidí tríú leibhéal cláraithe ar an gclár. Cuimsítear leo baill fhoirne ospidéal agus fochéimithe cúraim sláinte i roinnt ollscoileanna atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas éigeantach cúrsa. Chonacthas do NHO gur tháinig méadú ar an úsáid a baineadh as LearnProNHS mar gheall ar phaindéim COVID-19.

## Aifiréis Theiripeach

Cuireann an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach (TAS) in Ionad Fuilaistriúcháin Réigiúnaí na Mumhan aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan in Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (MUH) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh (BSHC) ar bhonn 24/7/ 365 lá. Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar a bhfuil gá acu le TAS chuig na háiseanna sin mar is cuí.

Lianna Comhairleacha sa Mhíochaine Fuilaistriúcháin MRTC a stiúrann TAS agus tacaíonn Oifigigh Leighis Speisialtóra (SpMOanna), Speisialtóirí agus Cláraitheoirí (SPRanna) agus altraí atá oilte i ngnáthaimh theiripeacha leo. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid; Terumo Spectra Optia. Cuirtear prótacail aifiréise ar fáil do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair, agus iad treoraithe ag 'Guidelines and Indications for Treatment' (ASFA-2019) le Cumann Aifiréise Mheiriceá agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile, iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (BSH-2015) san áireamh.

Oibríonn MRTC TAS laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) le pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe, nósanna imeachta chaighdeánacha (SOPanna), teicneolaíocht bailíochtaithe agus monatóireacht ar theagmhas díobhálach faoi réir imscrúdaithe an Údaráis Rialála Tháirge Daonna (HPRA). Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus tá athruithe corpraithe i nGOCanna Teiripe SFÉ, i bpolasaithe agus nósanna imeachta cuí ospidéil. Freastalaíonn foireann TAS ar chruinnithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus cloíonn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD), iniúchtaí san áireamh. Bhí srian ar chruinnithe idirnáisiúnta agus ar an rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach de dheasca phaindéim COVID-19 ó Mhárta 2020 ar aghaidh agus rochtain teoranta go cianrochtain le linn 2021. Chuir an Dr. Lorraine Lester, de chuid TAS SpMO *"MS Relapse in Pregnancy: Therapeutic Plasma Exchange"* i láthair mar léiriú béil ag comhdháil bhliantúil 2021 Chumann Haemaiteolaíochta na hÉireann (HAI).

Rinneadh 20 atreorú othair agus 97 gnáthamh le linn 2021. Chuimsigh siad seo Malairt Phlasma Theiripeach (TPE) agus malairt Chill Dhearg (RCE), iad ar fad ag CUH. Mar a thaispeántar sna táblaí agus sna figiúirí a leanas, bíonn an t-éileamh ar TAS inathraitheach agus deacair a thuar. Tá an claonadh in atreoruithe néareolaíochta atá ag dul i méid cothromaithe ag laghdú in atreoruithe haemaiteolaíochta agus go pointe áirithe, atreoruithe duánacha le blianta gairide anuas.

## MRTC TAS agus COVID-19

De dheasca na paindéime COVID-19, b'éigean athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm i soláthar ár seirbhíse. B'fhéidir go raibh tionchar ag ionfhabhtú a bhris amach i roinnt ospidéil áitiúla, chomh maith le moill ag teacht chuig an ospidéal ar atreoruithe othar. Rinneadh gach othar a atreoraíodh a mheasúnú maidir le riosca ionfhabhtaithe ar bhonn aonair.


Chuir na baill fhoirne ar fad oiliúint ar líne i gcrích maidir le trealamh cosanta pearsanta ar HSELanD chomh maith le freastal ar oiliúint ar an láthair in BSHC. Bhí siad i dteagmháil go gníomhach leis an rialú ionfhabhtaithe san ospidéal freisin.

Le linn 2021 lean clinicí dheonaithe fola SFÉ mar chlinicí ar choinne amháin den chuid is mó agus bhí próiseas roghnaithe cáilíochta réamh-choinne i bhfeidhm. San áit ar lig glaoch ar TAS sin a dhéanamh, chuir altraí cláraithe mar TAS (RGNeanna) measúnú chéad líne ar cheisteanna míochaine agus taistil do dheontóirí i gceantar na Mumhan. Ina theannta sin, rinne altraí TAS iniúchadh ar chlinicí a raibh rátaí arda atreoraithe deontóra iontu. Thug an anailís seo le fios go raibh atreoruithe ag tarlú go minic, ar nós tatúnna agus polladh, rud a chuir bonn eolais faoi athrú ar an gceistneoir earcaíochta. Ina theannta sin, tugadh faoi mheasúnú dheontóirí leis an iliomad atreorú haemaglóibín íseal (Hb) leis an aidhm laghdú a dhéanamh ar rátaí atreoraithe. Cuireadh ar a gcumas d'altraí TAS ó thaobh na teicneolaíochta de tabhairt faoin obair sin go cianda. Chuir altraí TAS tacaíocht ar fáil freisin chun torthaí tástála saotharlainne micribhitheolaíochta deontóra a bhainistiú.

## Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí


Déanann 'ospidéil iarrtha', 'speisialtachtaí clinic', 'comhairligh atreoraithe', 'céim práinne', 'catagóir ASFA' agus treochtaí de réir míosa, deireadh seachtaine agus lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre inathraitheacht in éilimh seirbhíse a ghabháil thíos.

Cuireann ár seirbhís 100 go dtí 125 gnáthamh ar fáil go hiondúil de réir na bliana. Taispeántar na treochta agus athraitheacht in éilimh seirbhíse le blianta gairide i **bhFíor 8** agus **bhFíor 9**.




Fíor 8


**Nóta:** Léirigh na 181 gnáthamh a cuireadh ar 30 othar i 2018 éileamh ard go maith d'othair néareolaíochta (N=20 othar, 10 néarmiailítis optica (NMO)).




Fíor 9

## Seirbhís Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta.

Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ghéar ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. As na 97 gnáthamh a rinneadh i 2021, rinneadh seacht gcinn déag acu (18%) ag an deireadh seachtaine agus cuireadh tús le 5 cinn acu (5%) lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn na seachtaine. Taispeántar treocht an éilimh (de réir ráithe) ar sheirbhís deireadh seachtaine/laethanta saoire bainc agus lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i **bhFíor 10**.





Fíor 10

## Atreorú seirbhíse speisialtachta cliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

I gcomhréir le treochtaí le déanaí, bhain formhór na n-othar a atreoraíodh le hothair a bhí i láthair mar gheall ar riochtaí néareolaíocha (70%), riochtaí duánacha ina dhiaidh sin (15%) agus ansin riochtaí haemaiteolaíochta (15%) mar atá i **bhFíor 11** thíos.

**Othair de réir Speisialtachta i 2021**




Fíor 11

## Tacaíocht do Ghalar Chorráncheallach


Lean MRTC TAS ar aghaidh le clár roghnach RCE chun Fuilchealla Dearga a mhalartú d'othar a bhfuil galar corráncheallach (SCD) air ó 2020, arna threorú ag paraiméadair saotharlainne agus paraiméadair chliniciúla. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh sin de réir mar a thagann an cohórt réigiúnach d'othair phéidiatraiceacha a fhaigheann RCE lasmuigh den réigiún i láthair na huaire, in aibíocht mar dhaoine fásta. Tacaíonn an clár RCE in Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath le foirne MRTC TAS a oiliúint. Tá rún ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta, nuair a bheidh sin ar fáil.

## Soláthar Seirbhíse de réir ospidéil

Rinne CUH atreorú ar gach duine de na 20 othar i 2021. Ní raibh aon cheangal idir ceithre cinn de na hatreoruithe sin (2 néareolaíocht, duánach amháin, haemaiteolaíocht amháin). B'fhéidir go ndéanfaí athcheartú ar an gcéad diagnóis d'othair a thagann isteach le cás géar agus go leanfadh imscrúdú breise nó cúrsa malairte cóireála é.


**Fíor 12 agus Fíor 13**: Comparáid ar sholáthar seirbhíse ar CUH, MUH agus BSHC.

**Soláthar seirbhíse d'othair de réir ospidéil 2017 go 2021**




Fíor 12

**Gnáthaimh de réir Ospidéil 2017 go 2021**




Fíor 13

## Treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA)

Baintear úsáid as treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA) chun prótacail um chóireáil othair aonair a phleanáil. Tá siad sin bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacaíochta agus ar láidreacht an mholta a ndearnadh de bharr na fianaise sin. Foilsíodh na treoirlínte is déanaí (an 8ú Eag.) i 2019.


Catagóir I - Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe chéad líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.

Catagóir II - Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe dara líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le cóireálacha eile.

Catagóir III – Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – déantar cinntí ar bhonn aonair.

Catagóir IV – Neamhoird a léirítear nó a dtugtar le fios i bhfianaise atá foilsithe nach bhfuil éifeacht leis an aifiréis nó go bhfuil seans ann go mbeadh sí díobhálach.

Othair ar cuireadh cóireáil orthu de réir Chatagóirí ASFA 2021 (%), **Fíor 14.**




Fíor 14

## Leibhéal práinne na Seirbhíse um Aifiréis Theiripeach atá ag teastáil


B'fhéidir go mbeadh aifiréis Teirpeach mar chuid den fhreagairt chliniciúil phráinneach d'othar a thiocfadh isteach. D'fhéadfadh aifiréis luath an bhagairt ar bheatha nó ar orgáin a mhaolú. Tháinig triúr othar (19%) isteach mar chásanna éiritheacha, dhá othar déag (75%) mar chásanna práinneacha agus duine amháin (6%) mar ghnáth chás i 2021.

**Fíor 15 agus Tábla 9**-Méid práinne de réir othair agus speisialtacht.


### Tábla 10: Riachtanais chúraim othair


| Práinn | Othair Atreoraithe 2021 |
|---|---|
| **Éiritheach** | 3 |
| **Práinneach** | 12 |
| **Gnáthamh** | 1 |
| **Iomlán** | 16 |






Fíor 15







Fíor 16

## Soláthar seirbhíse de réir riachtanais chúraim othair

Bíonn roinnt mhaith de na hothair a dhéantar a atreorú do TAS go dona tinn agus bíonn dianchúram nó cúram ardspleáchais ag teastáil uathu, go háirithe leis na gnáthaimh tosaigh. **Tábla 10** agus **Fíor 17** – Láthair gnáthamh de réir cúraim othair.

## Tábla 11: Riachtanais chúraim othair

| Láthair an othair le linn gnáthaimh | Aonad Dianchúraim | Aonad Ardsple-áchais | Barda |
|---|---|---|---|
| Gnáthaimh N= | 30 | 5 | 61 |




Fíor 17

## Rochtain shoithíche ag othair agus ag gnáthaimh

Chun Aifiréis Theiripeach a dhéanamh, ní mór go mbeadh sruth fola den scoth ag an othar. B'fhéidir go mbeadh gá le tacaíocht a fháil ó chataitéar féitheach lárnach arna chur isteach ag na seirbhísí ainéistéiseolaíochta nó raideolaíochta san ospidéal atreoraithe, go háirithe do chlár dianchúraim nach maireann ach roinnt laethanta. Bhí cataitéar féitheach lárnach de dhíth ar bhunús na n-othar i 2021. Bhí meascán cineálacha rochtana soithíche ag roinnt othar, línte forimeallacha agus féimearacha ina measc.

## Creatlach Cáilíochta


Sainmhínítear córas bainistíochta cáilíochta mar chóras atá curtha ar bhonn go foirmiúil agus a dhéanann próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí a thaifeadadh chun beartais agus spriocanna cáilíochta a bhaint amach. Cloíonn MRTC TAS le treoirlínte ASFA (2019) agus BSH (2015) agus déanann sé iniúchtaí inmheánacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach chun cleachtas maith a chinntiú.

Cinntíonn cumarsáid le seirbhísí aifeiríse eile agus freastal ar chomhdhálacha sa RA agus ar chomhdhálacha idirnáisiúnta go bhfuil seirbhís fianaisebhunaithe. Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 bhí idirghníomhaíocht le seirbhísí aifiréiseacha eile fós ar bhonn cianda.

## Oideachas agus Oiliúint:

Is liachleachtóirí ceadúnaithe agus altraí ginearálta cláraithe iad baill foirne na Seirbhíse um Aifiréis Theiripeach (TAS) a thugann faoin oiliúint éigeantach agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fad lena chinntiú gur cleachtas reatha a bhíonn ann atá fianaisebhunaithe. Tá Club Irise TAS i bhfeidhm d'fhoireann TAS chun athbhreithniú a dhéanamh ar ailt fhoilsithe ábhartha a mbeadh tairbhe iontu do sheirbhís TAS agus iad a chur i láthair. De bharr go raibh bearta shláinte phoiblí Paindéime i bhfeidhm, bhí an chuid is mó den oiliúint á déanamh go cianda. Chláraigh foirne TAS le ASFA ar líne, agus chuir sé roinnt seimineár gréasáin ar fáil. Mar sin féin, thug na baill foirne go léir cuairt ar láthair na seirbhíse Haemaglóibineapaite ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath. Chuir an tseirbhís Haemafhaireachais i CUH oiliúint 'Rianú Fola' ar fáil, rud a bhfuil tairbhe ar leith ann don chlár RCE. Rinne foireann TAS oiliúint nuashonraithe ag MRTC, in úsáid an eagráin deiridh de chaidéil Baxter a mbaintear úsáid astu ar fud CUH agus go bhfuil gá leo chun Glúcónáit Calciam IV agus leachtanna IV a thabhairt le linn aifiréis teiripeach, oiliúint a ndearna altraspeisialtóir éascaíocht air.

Rinne ár seirbhís taighde ar "*MS Relapse in Pregnancy: Therapeutic Plasma Exchange*" a roghnaíodh le cur i láthair mar léiriú béil ag comhdháil bhliantúil 2021 Chumann Haemaiteolaíochta na hÉireann (HAI).



## Feabhsúchán cáilíochta:

Cuireadh 'An bhileog eolais ar fhuilaistriúcháin othair' náisiúnta, a d'fhorbair an Grúpa Comhairleach Fuilaistriúcháin Náisiúnta NTAG le gairid, ar fáil chun othair TAS a chur ar an eolas mar go dtugann sé eolas soiléir agus cuimsitheach d'othair a bhíonn ag fáil comhábhar fola.

Tháinig ardú ar úsáid Ghlúcónáit Calciam IV i 2021 (N=66/97 gnáthamh, 68%) thar 2020 (N=8/129 gnáthamh 6%). Bhí sé le feiceáil go raibh tairbhe iontach ag calciam infhéitheach le bac a chur ar shiomptóim thocsaineacht ciotráite i.e. hipeacalcaemia, i gcomparáid le hullmhúcháin calciam béil.

Is cur chuige próifiolasach caighdeánaithe é anois laistigh den tseirbhís d'othair a bhfuil siomptóim nó comharthaí tocsaineachta ciotráite acu do na gnáthaimh a leanann.

Thóg an tseirbhís an chéad chéim freisin chun cáipéisíocht scríofa a athrú go formáid leictreonach. Cuirfear an fhorbairt seo ar chóras bainistíochta chleachtadh leictreonach (PMS) chun cinn tuilleadh trí 2022.

## Saoráidí agus an teicneolaíocht:

Úsáideann MRTC TAS dhá mheaisín Spectra Optia, a stóráiltear in CUH, agus is féidir iad a iompar chuig MUH nó BSHC de réir mar atá gá leo. Tá na meaisíní bailíochtaithe agus déantar cothabháil coisc gnáthaimh faoi dhó sa bhliain. Cuireadh bogearra RCE i bhfeidhm ar an dara teicneolaíocht Optia in Eanáir 2021.

## Cumarsáid maidir le torthaí cliniciúla

Chlóigh céad faoin gcéad d'atreoruithe le riachtanais iarratais seirbhíse. Ina theannta sin, molann treoirlínte BSH "*Go ndéanfaí doiciméadú ar thorthaí chlinic ghnáthaimh aifiréise*". Déanann MRTC TAS taifeadadh ar an toradh ag am na cóireála agus sonraí cliniciúla ábhartha ag amlínte níos deireanaí. Chomh maith leis sin iarrann MRTC TAS sonraí ar thorthaí ón gcomhairleach úsáideora seirbhíse a bhíonn ag atreorú othair.

Leanfaimid ag obair le comhghleacaithe cliniciúla a bhíonn ag atreorú othar chun feabhas a chur ar ghabháil thorthaí cliniciúla.

## Tábla 12: Cumarsáid sonraí cliniciúla de réir speisialtachta.

| Speisialtacht | Foirmeacha iarratais ar sheirbhís atreoruithe a fuarthas (Líon) | Litreacha achoimre TAS a cuireadh chuig lianna atreoraithe (Líon) | Othair a bhfuarthas a stádas toraidh ón lia atreoraithe (Líon) | Comhlíonadh (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Néareolaíocht** | 12 | 12 | 3 | 25% |
| **Haemaiteolaíocht** | 2 | 2 | 1 | 50% |
| **Duánach** | 2 | 2 | 1 | 50% |

## Suirbhé Úsáideoirí Cliniciúla TAS

Rinneadh suirbhé ar úsáideoirí sheirbhís chliniciúil TAS i rith an tsamhraidh 2021. Bhí ochtó dó faoin gcéad de na freagróirí bunaithe i CUH. Bhí 73% ar an iomlán de na húsáideoirí 'fíorshásta' leis an tseirbhís.

Is le cúram othar, athbhreithniú othar agus dúnadh amach a bhí na rátaí 'fíorshásta' ba mhó ag 82% an ceann, freagrúlacht 73%, freagrúlacht ar sceidealú gnáthaimh agus cumarsáid 64%.


NPBI Compomat G4

# CÁILÍOCHT & COMHLÍONADH



# Cáilíocht agus Cloí

Tá an fheidhm, Cáilíochta agus Comhlíonta tiomanta i gcónaí ar na caighdeáin is airde cáilíochta a sholáthar trí sin a dhéanamh mar chuid de gach a ndéanaimid. Leanann ár bpróisis ag comhlíonadh riachtanais rialúcháin chun táirgí agus seirbhísí atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Is cumasóir bunriachtanach í cáilíocht a chuireann taca faoinár spriocanna straitéiseacha chun tacú le cúram sláinte níos fearr, barr feabhais oibríochta a bhaint amach agus seirbhís custaiméara a fheabhsú. Is mian linn a bheith ar thús cadhnaíochta san earnáil maidir le cultúr cáilíochta a chur chun feidhme agus tacú leis, ar cultúr cáilíochta é a thacaíonn leis an eagraíocht agus an cuspóir atá aici luach a chur ar fáil dár ndeontóirí agus dár n-othair a bhaint amach go leanúnach.

***Is iad na príomhchuspóirí atá againn ná:***

- Tacú lenár saotharlanna leighis agus lenár ranna eile chun cloí le caighdeáin idirnáisiúnta
- Éifeachtúlacht a fheabhsú ar fud réimse gníomhaíochtaí cáilíochta
- Cur chuige solúbtha rioscabhunaithe a thabhairt isteach.

***An méid a bhaineamar amach i 2021:***

- Mar ullmhúchán don ISO 15189 - creidiúnú Saotharlanna Míochaine don Saotharlann Imdhíonhaemaiteolaíochta Cill Dearg (RCI), tugadh clárú agus iarratas SFÉ le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun críche go rathúil
- Lean feabhsúcháin ar na próisis bhainistíochta cháipéisíochta ar aghaidh le hathbhreithniú ar Lámhleabhar Saotharlainne RCI d'fhonn ailíniú leis na riachtanais atá leagtha amach sa chaighdeán ISO 15189
- Chuaigh oiliúint chórais cháilíochta ar líne trí fheidhmchlár Eazysafe
- Sheol an Fhoireann Fhorbartha ar Fhorbairt Córais físeanna oiliúna freisin d'úsáideoirí ár gcóras bainistíochta cáipéise, SmartSolve
- Lean Cáilíocht i gcomhpháirt leis an fheidhm Foghlamtha agus Forbartha chun beartais nua oiliúna a fhorbairt
- Tugadh Céim 1 d'fheidhmiúchán Chóras Bainistíochta Cáilíochta leictreonach (eQMS) chun críche. Chuimsigh sé seo rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara mhionsonraithe trí éascaíocht a dhéanamh ar an iliomad ceardlann oibre cáilíochta. Tá Céimeanna 2 & 3 ag dul chun cinn mar a bhí súil leo le go mbeidh siad i bhfeidhm go luath i 2022
- Cuireadh feabhsúcháin ar ár gcreataí riosca atá ann cheana i bhfeidhm freisin le forbairt ar an gcur chuige ar Bhainistíocht Riosca Cáilíochta trí RCI, le Maitris Táirge agus Tástála a thabhairt isteach agus forbairt ar Mheasúnú Thionchar Mhodh Tástála
- Cuireadh fearas nua ar nós anailíseoir Imdhíonhaemaiteolaíochta uathoibríoch ar láithreacha Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh araon, Ionradaitheoir X ghathach, Feiste Nasctha Steiriúil, Deighilteoirí Dheonaithe Fola agus Lártheifneoirí ar fáil
- Bailíochtú agus tacaíocht Cáilíochta TF d'uasghrádú rathúil phaiste ar ár gCóras Bainistíochta Fola
- Staidéar Téachta Comhoibríoch BEST
- Feabhsúcháin ar bhainistíocht imoibrí d'anailíseoirí Haemaiteolaíochta agus measúnú táirgí do tháirgeadh Bhraonta Súl Séirim (Banc Fíocháin)

- Rinneadh athcheartú ar nós imeachta Ghearáin Fola sa tríú ráithe de 2021. Cuimsíonn na nuashonraí feabhsúcháin ó thorthaí imscrúdaithe agus freisin chun ailíniú le riachtanais ISO 15189. Cuireadh na hospidéil ar fad ar an eolas agus cuireadh cóip den nós imeachta athcheartaithe ar fáil ar fud na tíre. Tá an fhoirm ghearáin fola ar fáil ag na hospidéil ar fad chun gearáin a chur isteach ag **www.giveblood.ie**.
- Leathadh amach an tionscnaimh, Páirtíocht Gnó Cáilíochta a thuilleadh go dtí príomhranna le linn 2021. Bíonn cruinnithe comhpháirtíochta rialta anois ag na ranna seo a leanas: Forbairt Chleachtais, Saincheist Phróiseála/ Phláitín, Seirbhísí/Seoladh Ospidéil, Grúpáil Deontóra, RCI, Banc Fíocháin, IUBMR, agus TF. Cuireadh Páirtíocht Gnó Cáilíochta os comhair an HPRA i mí na Samhna 2021 agus tá nós imeachta nua chun tacú leis an dtionscnamh seo beartaithe chun go mbeidh éifeacht leis go luath i 2022
- Cuireadh tús leis an obair chun próiseas níos cuíchóirithe a thabhairt isteach do Thuairiscí Teagmhais. Cuireadh é seo i láthair HPRA freisin i mí na Samhna 2021 agus cuimseoidh sé imscrúdú feabhsaithe agus uirlisí anailíse cúis fréamhaigh agus cur chuige nua ar mheasúnú riosca chun a chinntiú go bhfuil an leibhéal imscrúdaithe i gcomhréir le leibhéal an riosca. Tá sé seo beartaithe chun é a chur i bhfeidhm le linn an chéad leath de 2022.

## Rialála

Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) an comhlacht rialála a thugann údarás do Sheirbhís Fuilaistriúchán na hÉireann (SFÉ) le táirgí Fola agus Fíocháin a tháirgeadh. Tá sé freagrach freisin as na forálacha faoi Threoracha an AE um tháirgí Fola agus Fíocháin a riar. Táimid ag lorg creidiúnaithe freisin dár ngníomhaíochtaí trí chomhlachtaí rialála eile, a chuimsíonn pleananna chun creidiúnú ISO 15189 leis an INAB a bhaint amach dár saotharlann RCI i 2022.

Rinne an HPRA atosú ar a gclár imscrúdaithe le linn 2021 agus thugadar imscrúduithe sna réimsí seo a leanas chun críche:

### Tábla 13:

| 2021 | Limistéar Imscrúdaithe | Gníomhartha Comhlíonta |
|---|---|---|
| Iúil | Tuaim (agus Clinic Ghuaire) | 6 |
| Lúnasa | IRAFM | 7 |
| Lúnasa | Ceatharlach (agus Clinic Bhaile Átha Í) | 4 |
| Samhain | Eagras Fíocháin NBC | 6 ( 1 Suntasach*) |
| Samhain | Eagras Fola NBC | 5 |

*Easnamh suntasach a bhain le bainistíocht ar thuairiscí gnáthaimh laistigh den chóras cáilíochta. Chuimsigh an t-easnamh seo 8 n-easnamh mhionchúiseacha ar thuairiscí gnáthaimh.

- Thug an HPRA 29 lá imscrúdaithe (Líon scrúdaitheoirí x líon laethanta) ina iomláine chun críche
- Rinneadh córas nua a fhorbairt chun Soláthróirí Fíochán Idirnáisiúnta a mheas agus cuireadh i bhfeidhm é go rathúil. Tacóidh na measúnuithe sin lenár n-iarratais chun éagsúlacht a dhéanamh ar an Údarú Bunaithe Fíocháin chun Fíocháin a Almhairiú
- D'ainneoin na staideanna thar a bheith dúshlánach a d'eascair as paindéim COVID-19, thug an clár Iniúchadh Inmheánach 21 iniúchadh chun críche. Bhí sé mar thoradh ar seo gur tugadh 122 Gníomh Ceartaithe chun críche agus go bhfuil feabhas leanúnach ag tarlú feadh na heagraíochta dá bharr
- Tugadh éagsúlacht den Údarú Déantúsaíochta SFÉ chun críche agus seoladh isteach é chuig an HPRA chun feidhmiú phróisis Bhraon Súile Séirim Allaigineach a chur chun cinn.

# Príomhshonraí Ardchaighdeáin

## Tábla 14: Dearbhú Cáilíochta

| 2021 | Limistéar Imscrúdaithe | Gníomhartha Comhlíonta |
|---|---|---|
| Tuairiscí Teagmhais | 569 | 573 |
| Gearáin ó Chustaiméirí* | 797 | 764 |
| Rialuithe Athraithe | 363 | 362 |
| Teagmhais Throma Dhíobhálacha (Imthuairiscthe) | 71 | 62 |
| Frithghníomhuithe Throma Dhíobhálacha (Imthuairiscthe) | 28 | 35 |
| Aistarraingtí Táirge | 338 | 293 |

Thart ar *45% luaite le fógraí iardheonaithe.

## Tábla 15: Bailíochtú

| 2021 | Oscailte (Bliain) | Oscailte (Ar an iomlán) | Dúnta | Ceadú Eatramhach |
|---|---|---|---|---|
| Pleananna Bailíochtaithe | 15 | 46 | 17 | 12 |

## Tábla 16: Tacaíocht Seirbhíse GMP

| 2021 | PM/Cal Próiseáilte | Cothabháil Cheartaitheach | SLAnna Próiseáilte | RQanna Próiseáilte |
|---|---|---|---|---|
| An INF | 1656 | 225 | 32 | 417 |
| IRAFM | 405 | 33 | Neamh-bhainteach | 102 |
| Iomlán | 2061 | 258 | 32 | 519 |



# GNÍOMHAÍOCHTAÍ ACADÚLA, TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT



# Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht

Foilsíodh ár gcéad straitéis taighde agus forbartha tiomnaithe riamh in Aibreán 2021 (Straitéis T&F) agus chuir sí béim ar an ról atá ag taighde chun uasmhéadú a chur ar chumas deonú fola agus fíocháin chun feabhas a chur ar shláinte othar. Chuireamar fúinn an bonn fianaise a chur ar fáil chun feabhsuithe a thabhairt ar ár seibhísí fola agus fíocháin amach anseo, rud a d'fhágfaimis ar thús cadhnaíochta i réimse an dheonaithe agus aistriúcháin fola.

Le linn na bliana seo caite, le cur chun feidhme éifeachtach an dea-chleachtais taighde, struchtúr rialachais taighde agus cultúir thacúil taighde, bhíothas in ann timpeallacht dhearfach agus nuálach a chruthú don fhoireann uile atá i mbun taighde. Bhí páirt againn in aon cheann déag d'fhoilseacháin a bhí athbhreithnithe ag piaraí agus chuireamar ár dtorthaí i láthair ag riar mór comhdhálacha idirnáisiúnta agus náisiúnta. Rinneamar tuilleadh forbartha ar ár bpróifíl taighde trí chomhoibriú ar 5 staidéar idirnáisiúnta éagsúla in éineacht lenár bpáirtithe eagrais fola.

Ag teacht ón bpráinn sláinte poiblí COVID-19, rinne cion suntasach dár n-infheistíocht maoiniú ar imscrúduithe taighde eipidéimeolaíochta SARS-CoV-2 a rinne scrúdú ar na próifíl antasubstainte atá ag athrú i ndeontóirí sláintiúla ó thús na paindéime.

Chomh maith leis sin chabhraigh an mhaoiniú de chuid na hEorpa a fuarthas le plasma téarnaimh ard-títear COVID-19 a tháirgeadh, rud a chuir ar chumas plasma a tháirgeadh ó dheontóirí Éireannacha den chéad uair le os cionn scór bliain. Dhírigh taighde eile ar phróifíliú a dhéanamh ar antaiginí cill dhearg i ndaonra deontóra na hÉireann rud a chuirfeadh sonraí bonnlíne ar fáil do ghrúpa fola na hÉireann. Fuair imscrúduithe ar chomhábhair fola léargas ar na meicníochtaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhm agus ghníomhachtú phláitíní fuarstórais, chomh maith le sáithiúchán ocsaigine fuilchill dearg.

Táimid ag díriú anois ar chumarsáid taighde éifeachtach agus tógáil ar bhunsraitheanna cultúir taighde nuálaíocha a leagadh síos i rith na bliana seo caite. Tá sé i gceist againn láithreán gréasáin taighde, foghlamtha agus forbartha a sheoladh, a bheidh dírithe go háirithe ar ár bpáirtithe cliniciúla, eolaíochta agus acadúla. Ina theannta sin reáchtálfaimid an chéad chomhdháil BlooDHIT (**www.bloodhit.com**), ar siompóisiam taighde haemaiteolaiochta agus deonaithe fola é atá dírithe ar an todhchaí.

## Na príomheachtaí a baineadh amach

Rinneadh na príomhthosaíochtaí atá ag tiomáint clár taighde rathúil a aithint mar iad seo, comhoibriú, ceannaireacht, cultúr, rannpháirtíocht agus cumarsáid. Cuireadh gach ceann de na tosaíochtaí sin chun cinn i mbliana trí na tionscnaimh seo a leanas:

- Cuireadh struchtúr rialachais taighde, agus conair chun forbhreathnú ar thionscadail ón tús go dtí an deiridh, i bhfeidhm go rathúil
- Síníodh trí chomhaontú comhoibríocha taighde, a rinne achoimre ar ár ról comhoibríoch le páirtithe taighde acadúla leibhéal a trí
- Thacaigh ár bpairtithe cliniciúla ag Ospidéal San Séamas agus Institiúid Leighis Aistrithe Choláiste na Tríonóide lenár gcumais teiripe ceallach a fhorbairt. Tá áthas orainn comh-mhaoirseacht a dhéanamh ar thionscadal PhD sa réimse seo

- Chabhraigh rannpháirtíocht leanúnach leis an nGrúpa Comhairleach Fuilaistriúchain Náisiúnta le treoirlínte cleachtais cliniciúla a fhorbairt
- Bhí sé mar thoradh ar an mbaint ghníomhach a bhí againn le Barr Feabhais Bhithleighis um Fhuilaistriúchan níos Sábháilte gur chabhraigh muid le 5 staidéar taighde difriúla idirnáisiúnta; beifear ag foilsiú na dtorthaí níos deireanaí
- Chuir ár n-ionadaíocht ar ghrúpaí oibre EBA ár gcinnireacht chun cinn ar shaincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar Eagrais Fola Eorpach
- Fuaireamar maoiniú taighde i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath do thionscadal PhD le himscrúdú a dhéanamh ar shaicíní ceallacha breise tagtha ó phláitíní i bhfuil deonaithe. Tá áthas orainn comhoibriú leis an tionscadal taighde bunúsach seo a thosóidh i 2022 agus comh-mhaoirseacht a dhéanamh air
- Fuarthas maoiniú ón Ionstraim Thacaíochta Eorpach agus chabhraigh sé lenár gcumas táirgthe plasma téarnaimh COVID-19
- Bhí áthas orainn páirt a bheith againn in aon cheann déag d'fhoilseacháin acadúla a bhí athbhreithnithe ag piaraí agus in 18 léiriú ag riar mór comhdhálacha idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Cuimsíonn ár ngníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha 4 phríomhthéama taighde.

### 1. Galar-agus Eipidéimeolaíocht Géiniteach

Dheimhnigh imscrúduithe séireipidéimeolaíochta COVID-19 go raibh antaisubstaintí SARS-CoV-2 i láthair i ndeontóirí fola Éireannacha sular tugadh an chéad fhógra náisiúnta ar ionfhabhtú (Butler et al, 2022). Lean imscrúduithe sa réimse seo mar chuid den Aonad Séireipidéimeolaíochta (SEU), ar tionscnamh comhoibríoch é atá á threorú ag an Ionad Maoirseachta Cosanta Sláinte. Ar deireadh, rinne comhoibriú idirnáisiúnta cóimheas agus measúnú ar na beartais dhifriúla a bhaineann le hatreorú deonaithe do bhunghalair (tá lámhscríbhinn á hullmhú).

Bhí sé mar thoradh ar obair bhreise faoin téama taighde seo gur foilsíodh minicíochtaí antaigin cill dhearg i ndaonra deontóra na hÉireann (Browne et al, 2021) agus an tionchar a bhí ag an ráta braite an-íseal ar antaisubtaintí Víris Limfeatrópach T daonna i ndeontóirí fola na hÉireann ar straitéisí scagthastala fola amach anseo (Williams et al, curtha isteach chun a fhoilsiú ).

### 2. Deonú agus Iarchur Fola

Chuimsigh comhoibriú ar staidéir idirnáisiúnta rannpháirtíocht i dtionscadal le scrúdú a dhéanamh ar na hathruithe ar dhéimeagrafach deontóra, soláthar agus éileamh fola le linn na paindéime COVID-19, (BEST). Ar deireadh, rinneadh socrú maidir le na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar dheonú fola ó dhaoine trasinscneacha (Larkin et al, tá lámhscríbhinn á hullmhú).

### 3. Diagnóisic Fheidhmeach & Dul Chun Cinn Teicniúil

Tugadh dhá thionscadal, a rinneadh mar chuid de Chéim Máistir, chun críche. Cuireann McMahon et al síos ar fhorbairt an algartaim atá in ann tionchar stóráil ar sháithiúchán ocsaigin fhuilchill dhearg.a mheas. Mheas an dara tionscadal feidhm agus gníomhaíocht chomhábhar fola malartach agus teagmhasach, pláitíní fuarstórais. Spéisiúil go leor tugadh faoi deara go raibh tionchar suntasach ag an deontóir ar cháilíocht an táirge seo (Lorusso et al, tá lámhscríbhinn á hullmhú).

## Measúnú Chliniciúil ar Fhuilaistriuchán

Chabhraigh maoiniú ionstraime Eorpach le plasma téarnaimh COVID-19 a tháirgeadh mar fhreagairt phráinneach ar phaindéim COVID-19. Rinne comhoibriú idirnáisiúnta imscrúdú ar na hathruithe atá riachtanach do chealla tionscnóra haematapóéiseacha (HPCanna) le linn na paindéime, chomh maith leis an gcaidreamh idir imoibríocht séireolaíoch neamhshonrach i mná réamhbhreithe agus galar haemalaíochan fhéitis agus an linbh nuabheirthe (HDFN).



# RIOSCA & ATHLÉIMNEACHT



# Riosca agus Athléimneacht

Lean SFÉ ag obair trí na rioscaí agus na bagairtí féideartha do leanúnachas gnó ón bpaindéim leanúnach COVID-19. Rinneadh bainistíocht ar rioscaí a bhain le COVID-19 go leanúnach tríd an gclárlann riosca corparáide agus an tuairisciú riosca ráithiúil chuig an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus Bord SFÉ. Lean an Grúpa Comhordaithe COVID-19 ar bhonn trasfheidhme ag teacht le chéile gach seachtain chun maoirseacht a dhéanamh ar na bearta ar an láthair a chur i bhfeidhm, bearta a bhí ag síorathrú, lenár ndeontóirí, foirne agus faighteoirí a choinneáil slán. Tá "Ionadaithe Príomhoibrithe" ina gcomhaltaí tábhachtacha den ghrúpa agus cinntíonn sé sin gur féidir le baill foirne cumarsáid a dhéanamh maidir lena éifeachtaí agus atá bearta nua agus, leoga, a moltaí féin a chur ar fáil bunaithe ar a gcuid dtaithí oibre. Thug an Grúpa um Leanúnachas Gnó, faoi chathaoirleachta an Phríomhfheidhmeannaigh ceannasaíocht ar leibhéal straitéiseach ar an bhfreagairt ar an bpaindéim i rith na bliana.

Socraíodh suas Tascfhórsa Téarnaimh COVID-19 in Aibreán, leis an údarás "Treochlár um Théarnamh" a chur le chéile don eagraíocht nuair a ligfeadh cúinsí sin a dhéanamh. Bhí ionadaíocht ag an ngrúpa ó gach réimse den eagraíocht agus thosaigh sé le measúnú tionchair a dhéanamh ar gach beart cosanta agus athruithe a tugadh isteach san eagraíocht mar fhreagairt ar an bpaindéim (79 ar fad). Astu seo, d'aithin an grúpa cé na bearta a bhí mar athruithe dearfacha lena gcoinneáil go fadtéarmach tar éis na paindéime, agus go bhfaighfí réidh leis an gcuid eile nuair a bheadh sé sábháilte sin a dhéanamh. Tosaíodh ag gearradh siar de réir a chéile ar bhearta san Fhómhar 2021, agus thosaigh baill foirne a bhí ag obair ón mbaile ag filleadh ar an obair ar bhonn teoranta, mar sin féin nuair a tháinig an t-athróg Oimiocróin chun cinn deireanach sa bhliain bhí gá le freagairt ghasta chun díriú ar ais ar fhreagairt arís seachas leanúint le téarnamh. Tugann solúbthacht an Treochláir a tháirg an grúpa deis don oiriúnacht seo i gcuinse atá ag síorathrú i gcónaí.

Go luath sa bhliain chuir an Grúpa um Bainistíocht Práinne Fola (EBM) a bhí díreach bunaithe *Plean um Bhainistíocht Práinne Fola d'fhonn Ganntanais Chomhbhaill Chill Dhearg a Bhainistiú* de chuid SFÉ i bhfeidhm. Tagann an plean go maith leis an *bPlean Náisiúnta Comhairleach Fuilaistriúcháin (NTAG) do SFÉ, FSS agus Ospidéil i bPoblacht na hÉireann chun dul i ngleic le Ganntanais Chill Dhearg.* Baineadh triail as na pleananna sin i rith 2021, mar gur chuir brú ó COVID-19 strus ar an soláthar fola. Baineadh úsáid as cur chuige cinnteoireachta bunaithe ar riosca nuair a bhíothas ag measúnú an rogha le táirgí fola a allmhairiú ón NHSBT ar dhá ócáid i 2021. Baineadh úsáid as Múnla Cinnteoireachta Bunaithe ar Riosca na Comhghuaillíochta Oibreoirí Fola chun gach rogha a bhí ar fáil a mheas chun leanúnachas fola a chinntiú.

I dteannta COVID-19, bhí a dhóthain féin de cheisteanna leanúnachais gnó níos "traidisiúnta" againn le linn 2021 freisin, ar nós Stoirm Barra agus Stoirm Eunice, ach rinneadh bainistíocht éifeachtach orthu ag baint úsáide as Pleananna Leanúnachais Gnó SFÉ.

Tháinig forbairt spleodrach ar bhainistíocht riosca i SFÉ i 2021, sé sin réiteach bainistíochta riosca leictreonaí, a fuarthas agus a cuireadh ar fáil don eagraíocht.

Chiallaigh sé seo go rabhthas ag bogadh ar siúl ón gcóras a bhí bunaithe ar pháipéar, agus anois déantar taifeadadh, athbhreithniú agus tuairisciú ar gach riosca go leictreonach. Is céim shuntasach ar aghaidh é seo agus tugann sé cuid mhaith tairbhí do SFÉ, ar a n-airítear cur chuige fíor-ama ar bhainistíocht riosca agus níos mó ama le díriú ar rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú. Leanfar ag leabú agus ag cur barr feabhais ar an gcóras nua i rith na bliana seo amach romhainn.

## Straitéis - an méid a bhaineamar amach

Seoladh ráiteas straitéise SFÉ ***Connections that Count*** go luath i 2021 agus leag sé amach treoir straitéiseach uaillmhianach ag díriú ar tháirgí agus seirbhísí nua; taighde agus forbairt; nuálaíocht agus aclaíocht; chomh maith le béim a chur ar ár ndeontóirí, ár ndaoine agus ár gcliaint sa chóras sláinte.

Chun tacú lenár gcuid oibre i bhfeidhmiúchán straitéise, chuireamar leasú ar ár bpróisis chun tuairisciú straitéiseach a éascú gach sé mhí. Cuireann sé sin ar ár gcumas freagairt go sciobtha do shaincheisteanna agus athmheasúnú a dhéanamh ar phleananna mar is gá, rud a bhí criticiúil le linn na paindéime go háirithe ag amanna nuair a bhí deonú fola agus ar acmhainní faoi thionchar. Agus na dúshláin a thainig chun cinn i rith na bliana seo caite á gcur san áireamh, tá áthas ar SFÉ a bheith in ann a rá go raibh bliain rathúil againn le '***Connections that Count***' agus gur cuireadh i bhfeidhm ós cionn 70% dár dtionscnaimh straitéiseacha.

Is grúpa inmheánach é an Grúpa Feidhmiúcháin Straitéise a bhfuil bainisteoirí sinsir ann agus is é an tasc atá aige ná rianú agus monatóireacht a dhéanamh ar ár dtionscnaimh straitéiseacha. D'aithin an plean feidhmiúcháin 103 tionscnamh ag tús 2021 chun tacú le spriocanna agus cuspóirí uileghabhálacha thar na trí cholún agus na ceithre chumasóir atá sa straitéis. Rinneadh é seo a bheachtú tuilleadh agus aithníodh 23 tionscnamh le seachadadh i 2022. Bhí sé mar aidhm ag SFÉ 78 tionscnamh straitéiseach a sholáthar i 2021 agus d'éirigh leis 57 díobh sin a chur i bhfeidhm.
Táthar ag súil go mbeidh an chuid is mó de na tionscnaimh atá fágtha tugtha chun críche i 2022.

I measc na mbuaicphointí, bhain ár Saotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóra (Grúpáil Deontóra, Vireolaíocht agus NAT) an deimhniúchán glas is airde le My Freen Lab ( eagraíocht neamhbhrabúis atá ar cheann cadhnaíochta le inbhuanaitheacht saotharlanna domhanda a fheabhsú), faomhadh an phlean tionscadail chun an Banc Súl Náisiúnta a athbhunú, ionradaitheoir x-ghathaigh a shuiteáil ag ár láthair i gCorcaigh, aistriú rathúil chuig solathróir seirbhíse bainistithe dár dtacaíocht TF agus grúpa oibre Nuálaíochta a bhunú.


O+
O-
A+
26%
of the irish population
A-
5%
of the irish population
B+
9%
of the irish population

# ACMHAINNÍ DAONNA



# Acmhainní Daonna

## Na príomheachtaí a baineadh amach

### Pobal agus Cultúr

**Bunathrú chun Feabhais le Chéile - Daoine: Cultúr: Ceangail**

Lean 2021 a bheith ina bliain thrioblóideach dár ndaoine agus dár seirbhísí cultúir. D'ainneoin an cur isteach agus an neamhchinnteacht d'oibrigh gach duine i SFÉ go crua, ag léiriú a ndúthrachta agus a dtiomantais gan staonadh dár ndeontóirí, dár n-othair agus dár seirbhís. Le hathnuachan ar ár bpríomhchúram bhí ár n-iarrachtaí dírithe lenár gcéad straitéis tiomnaithe do dhaoine agus cultúr a fhorbairt ag teacht lenár straitéis chorparáide. Foilsíodh í seo i mí Lúnasa.

Lenár bplean uaillmhianach a chur le chéile ghlacamar cur chuige comhchruthaitheach, ag éisteacht lenár ndaoine agus ag tagarmharcáil ár gcleachtais i leith cleachtas is fearr ag teacht chun cinn sa mhargadh agus i gcúram sláinte. Tá siad sin léirithe go hiomlán sna tosaíochtaí atá curtha againn lenár straitéis. Tá ár gcultúr á saibhriú ag ár gceithre cholún, ag múnlú ár lucht oibre don todhchaí, ag cur sábhailteachta i dtús báire agus ag feabhsú taithí ár ndaoine.

Mar a bhíonn le forbairt agus seoladh aon straitéis tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh na struchtúir eagraíochta oiriúnach don fheidhm, chun tacú le soláthar rathúil ar na tosaíochtaí straitéiseacha agus éifeachtacht eagraíochta a chinntiú. Chuaigh muid i gcomhairle le soláthróir seirbhíse chun cabhrú linn tús a chur le hathbhreithniú ar ár struchtúir cinnireachta agus bainistíochta agus ár nOifig Bainistíochta Tionscadail. Déanfar na torthaí ón athbhreithniú seo a thabhairt chun críche i 2022. I gcomhar lenár bhforbairt straitéiseach agus ár bhfócas ar dhaoine agus ar chultúr rinneamar athnuachan ar ár mbunluachanna agus thosaigh an obair le hiompair a fhorbairt agus taca a chur fúthu rud a chuirfidh ar chumas ár ndaoine ar fad ár luachanna a bheith acu ina saol.

## COVID19

Lean paindéim COVID-19 ag athrú i rith na bliana. Ba phríomhthosaíocht leis an fheidhm AD ná sláinte, sábháilteacht agus folláine ár ndaoine ar fad a chosaint. Bhí an fhorbairt agus an t-athcheartú leanúnach ar threoir agus polasaí inmheánach i gcomhar agus i bpáirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus sheachtracha, ar a n-áirítear ár Soláróirí Sláinte Ceirde ríthábhachtach chun ár bhfreagairt rathúil ar an bpaindéim a choinneáil agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh le tacú lenár bhfoireann chun go mbeidís in ann obair go sábháilte.

Bhí meicníochtaí soiléire, dírithe cumarsáide agus comhairliúcháin i SFÉ bunriachtanach don fhreagairt rathúil leanúnach le COVID-19 a bhainistiú. Bunaíodh roinnt ról agus fóram mar fhreagra ar Phrótacail an Rialtais um Fhilleadh go Sábháilte ar an Obair agus coinníodh i bhfeidhm iad. Cuireadh oiliúint ar thriúr ball foirne ó na seirbhísí cliniciúla, saotharlainne agus tacaíochta mar Ionadaithe Ceannais Oibrithe (LWR). Tagann Grúpa Comhordaithe COVID-19, a chuimsíonn ionadaithe feadh na heagraíochta le chéile gach seachtain, le hIonadaithe Ceannais Oibrithe chun ceannas a ghlacadh ar ghníomhartha a eascraíonn ó haiseolas fhostaithe, treoirlínte rialtais agus prótacail athcheartaithe a chur i bhfeidhm.

Chabhraigh bunú an Tascfhórsa Téarnaimh COVID-19 le SFÉ tús a chur leis an bpróiseas chun srianta a éascú ag gabháil le treoir an rialtais agus leanfaidh an grúpa seo ag obair i 2022 nó go mbeidh téarnamh i bhfeidhm go hiomlán. Cuirtear aschur Ghrúpa Comhordaíochta COVID-19 agus Tascfhórsa Téarnaimh COVID-19 araon in iúl don Ghrúpa Pleanála um Leanúnachas Gnó (BCP) de Stiúrthóirí agus bainisteoirí sinsearacha SFÉ.

Rinneadh acmhainní altraí a ath-imlonnú chun ceangal lenár bhfoireann rianaithe teagmhála, rud a dhéanfadh níos cinnte go rabhthas ag tacú le gach duine chun leanúint ag obair go sábháilte trí phaindéim COVID-19. Tháinig ardú de 49% ar bhainistíocht chásanna Shláinte Ceirde seachas 2020, rud a chuimsigh triáiseáil a bhain le COVID-19, neamhláithreacht agus measúnú riosca agus is sampla é den ardú ollmhór 500% ar ghníomhaíocht.

Bhí feidhm ONEHR ríthábhachtach don rath ar phróisis chumarsáide agus rannpháirte inmheánaigh COVID-19. Rinneadh soláthar ar threoir agus nuashonraí tábhachtacha beartais agus prótacail COVID-19 trí chainéil ar nós ríomhphost inmheánach, Ceisteanna Coitianta, grúpaí meáin shóisialta áitiúil roinne, cruinnithe agus ceardlanna oibre a bainistíodh go cianda. Cruthaíodh ríomhphost tiomanta ONRHR chun déileáil le ceisteanna bhaill foirne agus chun cabhrú lenár bpróiseas atreoraithe Sláinte Ceirde a shruthlíniú.

Lean cothabháil ár bhfoilseachán intí ‘Credit to the Crew’, a forbraíodh mar fhreagra ar an bpaindéim a bheith á chur chun cinn ag foirne ar fud na tíre agus ag seoladh aighneachtaí chuig ár roinn Leabharlanna. Foilsíodh 20 eagrán agus leanfar leis an tionscnamh seo a bhfuil an-rath air amach anseo.

Chabhraigh na fachtóirí sin ar fad chun teacht tríd an gcur isteach a bhí de bharr na paindéime domhanda agus chinntigh sé gur leanamar le fuil agus táirgí fola a bhí sábháilte agus inbhuanaithe a sholáthar d'othair in Éirinn.

# Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

## Díriú ar Shláinte Ceirde

Cuireann Sláinte Ceirde ról tábhachtach ar fáil i sláinte agus folláine ár ndaoine sa láthair oibre. D'oibrimid go dlúth lenár Soláthróir Shláinte Ceirde chun tacú le riachtanais ár ndaoine agus ár ndeontóirí le cabhrú leis an eagraíocht chun beartais agus nósanna imeachta a bhain le COVID-19 a chur i bhfeidhm. Rinneadh seiminear gréasáin beo a chur ar fáil dár bhfoireann ar fad i Ráithe 1 agus lean seisiún Ceist & Freagra idirghníomhach é, chun tacú le hoideachas agus eolas a roinnt maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an gclár vacsaínithe, agus thainig freagairt a bhí fíor-dhearfach mar thoradh air ar an vaicsaíniú COVID-19 ónár ndaoine. Rith SFÉ 24 feachtas vaicsaínithe Heipitíteas B agus fliú séasúrach freisin i gcomhar lenár Soláthróirí Sláinte Ceirde.

## Cláir Comhlíonta

Rinneadh athbhreithniú ar sheirbhísí Comhairleach Contúirteacha Shábháilteacht Mhaith (DGSA) i mbliana agus ceapadh DGSA chun oibriú leis an eagraíocht isteach i 2022 maidir lenar gcláir comhlíonta agus oiliúna. Mar chuid dár gclár feabhsúcháin agus comhlíonadh leanúnach rinneadh 6 iniúchadh sheachtrach i gcomhar le bainisteoirí laistigh de thimpeallachtaí cliniciúla agus saotharlainne i rith na bliana.

## Nuashonraí eolais foirne

Foilsíodh feasacháin ráithiúla inmheánaigh ar Shláinte & Folláine Fhoirne chun feasacht daoine ar shaincheisteanna tráthúla a bhaineann le sábháilteacht a chur i dtús áite. Chuimsigh na hábhair ar díríodh orthu Sábháilteacht Dóiteáin, Sábháilteacht Cheimiceach, Trealamh Cosanta Pearsanta agus Trealamh sa láthair oibre.

## Seirbhísí do Dhaoine - Oibriúcháin Acmhainne Daonna

Chuir foireann na nOibriúcháin Acmhainne Daonna réimse clár agus seirbhísí ar fáil agus iad ag cothú cur chuige comhpháirtíochta, chomh maith le comhairle agus treoir cáilithe agus saineolaí ar líon mór cásanna fostaíochta foirne ag gach stáid de shaolré fostaíochta ag tosú le pleanáil fórsa saothair straitéiseach ar aghaidh go ham scoir.

Rinneamar forbairt ar phlean fórsa saothair straitéiseach chun a chinntiú go raibh an tallann a raibh gá leis againn le tacú lenár n-uaillmhianta straitéiseacha ina n-iomláine. D'aithin ár bplean fórsa saothair straitéiseach roinnt príomhróil a mbeadh gá leo chun ár gclár oibre claochlaithe agus athraithe a thiomáint. Ceadaíodh iad sin ina dhiaidh sin trí chainéil rialachais chuí na hearnála poiblí.

## Córais Fhaisnéise Acmhainní Daonna (HRIS)

Mar an gcéanna le tacaíocht a thabhairt dár bhfócas straitéiseach corparáide chun 'Barr Feabhais Oibriúcháin a Bhaint Amach' agus feabhas a chur ar thaithí daoine rinneamar uasghrádú ar ár gCóras Oibriúcháin AD agus chuireamar tús le huasghrádú a chur ar ár gcóras bainistíochta cáipéise agus taifead AD. Thugamar isteach uirlis nua ar thuairisciú sonraí AD chun barr feabhais a chur ar anailísiocht daoine agus cinnteoireacht bainistíochta níos éifeachtaí agus níos inniúla a éascú.

## Dualgas Comhionannais & Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhFeidhm

Rinneadh dul chun cinn le plean feidhmiúcháin SFÉ 'Dualgas Comhionannais & Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí' a fhorbairt i rith 2021. Cuimsíonn an plean

creat bliantúil chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais, ar phlean gnímh agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Beidh tábhacht le comhpháirtíochtaí a thógáil chun tacú lenár bpleananna gníomhaíochta leanúnacha agus iad a dhearbhú. Tá glacadh linn mar bhall de Choiste Monatóireachta Míchumais na Roinne Sláinte chun tacú le feabhsúcháin agus ionchur a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara d'fhonn feabhas a chur ar mhonatóireacht mhíchumais san earnáil phoiblí.

### Ionad Oibre den Scoth

Thugamar chun críche an chéim dheiridh dár dtionscnamh rannpháirtíochta foirne, a bhí ailínithe lenár suirbhé foirne 2018 Áit Iontach le Bheith ag Obair. Cuireadh ceantair gnímh i ngrúpaí mar seo a leanas:

- Luachanna Sofheicthe
- Ar ais go dtí na Bunriachtanais
- Líne Thosaigh Ar Líne
- Sráidbhaile SFÉ
- Duais & Aitheantas
- Mír aníos SD
- Féith go Féith

Cuireadh 43 Plean Gníomhaíochta Corparáide ina iomlán chun cinn tríd an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin; Grúpa um Thábhacht Foirne; agus ag leibhéal roinne. Tá 91% de na pleananna gníomhaíochta sin tugtha chun críche nó tá siad i seirbhís / sceidealaithe, agus b'éigean tosaíocht a athrú arís do 9% díobh mar gheall ar COVID-19. Bhí 28 Plean Gníomhaíochta Foirne ann agus tá siad tugtha chun críche nó i seirbhís / sceidealaithe.

## Foghlaim

### Ceannaireacht

Tá aitheantas ceannaireachta láidir a neadú fós ríthábhachtach mar phríomhfhócas dár n-eagraíocht agus a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na córais a theastaíonn uathu ag ár ndaoine ag gach leibhéal chun ceannaireacht a chur i ngníomh. Lean an roinn L&D ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Dr. Nuala Ryan ó hOllscoil Luimnigh chun cumais bainistíochta agus ceannaireachta a fhorbairt trí chláir iLEAD agus weLEAD a sholáthar. Cuirtear cur chuige feabhsúcháin leanúnach i bhfeidhm trína ndéantar riachtanais na bhfoghlaimeoirí a mheas chomh maith leis na riachtanais eagraíochtúla agus tagann athrú ar chláir dá bharr.

Chun tacú le heagrú ceannaire bhreathnaíomar ar struchtúir agus córais eagraíochtúla a bhfuil éifeacht acu ar cheannaire a eagrú san eagraíocht. D'fhorbair muid cairt ar cheannaireacht san eagraíocht ag leibhéal eagraíochta a leagann amach an fhís agus na cuspóirí maidir leis an mbealach a ndéanann ceannairí SFÉ iad féin a iompar agus an chaoi a bhfaigheann siad tacaíocht.

### Bainistiú Tallainne

De bharr go bhfuil tallann ina phríomhthiománaí in eagraíochtaí threoraigh L&D an grúpa stiúrtha a d'oibrigh an tIonad Taighde AD ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh chun creat bainistíochta tallainne fianaisebhunaithe a fhorbairt a chuimsíonn saolré an fhostaí, a thógann ar chumas daoine agus a uasmhéadaíonn cumas fostaí a mbeidh feidhmíocht eagraíochtúil feabhsaithe mar thoradh air. Cuireann an creat cur chuige dírithe ar an todhchaí ar fáil do dhlisteanú tallainne bunaithe ar uaillmhian straitéiseach reatha SFÉ. Chuaigh L&D i bpáirtíocht le UCC freisin mar pháirtí tionscail do bheirt mhac léinn MSc a rinne taighde ar phróiseas láidir ionghabhála do SFÉ da dtionscadal MSc taighde fheidhmeach.

## Forbairt Feidhmíochta

Bogadh ár bpróiseas Forbartha Feidhmíochta chuig timthriall amháin i 2021 chun deis a thabhairt le hailíniú méadaithe a dhéanamh idir spriocanna fhorbairt phearsanta daoine aonaracha agus pleananna agus gníomhaíochtaí oibre. Chun tacú leis an bpróiseas chuir an roinn L&D seisiúin oiliúna shamhalta ar fáil d'fhoirne agus bainisteoirí araon ar an mbealach leis an bpróiseas a thabhairt chun críche agus do bhainisteoirí ar an gcaoi le cóitseáil agus comhráití éifeachtacha PD a rith. Bhí rannpháirtíocht iontach mar thoradh ar seo agus comhlíonadh 90% don chéim féinmheastóireachta.

Rith an fhoireann L&D seisiúin deireadh bliana le bainisteoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas agus deiseanna a aithint chun feabhsúcháin nó maidir le tacaíochtaí eile a mbeadh gá leo. Forbraíodh modúl ríomhfhoghlaim saincheaptha, bunaithe ar aiseolas ó na seisiúin sin, ar thimthriall feidhmíochta SFÉ mar acmhainn oiliúna do na foirne ar fad agus déanfar é a rolladh amach i 2022.

### Bainistiú Tallainne

**593**
fostaí
(500 coibhéis lánaimseartha)

**217**
ball foirne ar scor agus pinsean á fháil acu

**91**
Ba é an meán-am le 91 ceapachán nua a earcú ná 9.9 seachtaine

**81**
duine ag fágáil

Chuaigh
**12**
ball foirne ar scor i 2021

**136**
feachtas earcaíochta curtha i ngníomh

**994**
iarratas

**91**
duine nua ag tosú*

Cé go raibh an ráta saoire bhreoiteachta ag 5.51% (v 7.92% meánrata an FSS), bhí neamhláithreacht mar gheall ar chúinsí a bhain le COVID-19 ag 2.11%, rud a rinne suas beagnach 40% den ráta iomlán.

*ráta athraithe de 13.36%, ardú de 27% ar ráta athraithe 2020 de 10.5%.

## Seirbhís Sláinte Timpeallachta

**Sábháilteacht a Dhéanamh Infheicthe**

36 Cúinse Maith a hArdaíodh. 31 dúnta.

Rannpháirteach ar 8 gCoiste & Grúpa Oibre

**Feasacht Foirne / Nuashonraí**

Foláirimh Sábháilteachta Ráithiúla, Feasacháin

Nua (iompar) & foirmeacha ionduchtaithe athcheartaithe

Lámhleabhar Tiománaí - athdhearadh ar gach feithicil

**Cnámh Droma Sláinte agus Sábháilteachta & Comhlíonta**

6 Iniúchadh Seachtrach. 130 mír gníomhaíochta dúnta.

24 Feachtas Clár Vacsaínithe (Hep B & Fliú)

## L&D


| Ríomhfhoghlaim féintreoraithe: | Seisiúin fhíorúla faoi threoir teagascóra: | Seisiúin foghlaim chumaisc: |
|---|---|---|
| Líon modúl = 1298 | Líon cúrsaí = 19 | Líon cúrsaí = 8 |
| Líon rannpháirtithe = 576 | Líon rannpháirtithe = 279 | Líon rannpháirtithe = 568 |

# Teicneolaíocht Faisnéise

Lean TF ag tacú le modúl oibre cumaiscthe don eagraíocht agus lean foirne clinic, saotharlainne agus cuid den fhoireann oifige ag obair ag a ngnáthláithreacha oibre tríd an dianghlasáil agus bhí TF ag tabhairt na tacaíochta a raibh gá acu leis dóibh sin agus dóibh siúd a bhí ag obair ón mbaile.

Ceann de na rudaí ba suntasaí a baineadh amach tríd an mbliain ab ea uasghrádú mór ar ár bPríomhchóras Ríomhaireachta Bunaithe Fola, eProgresa, agus athruithe a bhain lenár gcórais eile.

Rud suntasach eile a cuireadh ar fáil i 2021 ná forbairt agus seoladh ár straitéis TF. Leagann an straitéis amach an plean do TF ó 2021 go 2025, agus cumasóir bunriachtanach a bheidh ann ar Connections That Count, nuair a chuirfear i bhfeidhm í. Clúdaíonn an straitéis na hathruithe próisis, teicneolaíochta agus cumais a mbeidh gá leo thar an tréimhse ama - cuireadh tús le roinnt de na feabhsúcháin sin i 2021. Chuimsigh an straitéis freisin forbairt ar thacar prionsabal á dtreorú ag TF agus beifear ag baint úsáide astu nuair a bheidh cinntí TF á ndéanamh sa todhchaí.




Ina theannta sin chuireamar Manage Engine i bhfeidhm do Bhainistíocht Seirbhíse TF, rinneamar uasghrádú ar ár seirbheálaí tuairiscithe JasperReports agus thugamar go leor feabhsúcháin ar fheidhmchláir agus córais eile chun críche.

# Airgeadas

| Cuntais Achoimre don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 69,166 | 64,760 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 3,347 | 2,138 |
| Ioncam iomlán | 72,513 | 66,898 |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas iomlán | 74,779 | 70,304 |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (2,266) | (3,406) |
| Méadú / (caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | 13,024 | (15,632) |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | - | (2) |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (164) | (443) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (83,457) | (63,974) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | (72,863) | (83,457) |

## Ioncam

Déantar anailís ar an €72.5 milliún (2020 €66.9 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord i 2021 de réir ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam a fuarthas ó dhíolacháin táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil de €69.2 milliún (2020 €64.76 milliún). Cuimsítear in ioncam neamh-athfhillteach de €3.3 milliún (2020 €2.1 milliún) deontas ón Roinn Sláinte maidir le tástáil HEV agus maoiniú iarchurtha do scéim aonair pinsin na seirbhíse poiblí. Leis an méadú ar ioncam athfhillteach, léirítear na méideanna méadaithe i 2021 mar gheall ar thionchar COVID-19 i 2020. Bhí laghdú ar an éileamh ó ospidéil, maidir leis an éileamh ar Fhuilchealla Dearga go háirithe. Tháinig ardú suntasach ar mhéideanna tástála freisin ar an mbliain roimhe sin.

## Caiteachas

Ba é €74.8 milliún an caiteachas i 2021 (2020 €70.3 milliún).

Is de bharr ardú ar mhéideanna díolacháin agus imoibrithe tástála atá cuid den ardú ar chaiteachas agus freisin de bharr mhéadú ar líon chomhaltaí foirne chun seirbhísí a chothabháil mar thoradh ar COVID-19. Baineadh amach cothromaíocht idir costais bhreise as trealamh cosanta pearsanta agus costais iompair agus an t-airgead a sábháladh i gcás costais taistil.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

## Cúlchistí

Tá Cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid an chiste ag deireadh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2021 ná €10.60 milliún.

Ba é iarmhéid na gcistí taighde ar an 31 Nollaig 2021 ná €2.9 milliún. (2020 €2.7 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.3 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh le linn 2021 (€1.2 milliún i 2020).

Ba iad na príomhinfheistíochtaí caipitiúla le linn na bliana ná trealamh nua nó athsholáthair inár saotharlann phróiseála comhábhair agus uasghrádú TF ar ár gcóras ríomhaireachta bainc fola.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íoc Pras ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an creidmheas caighdeánach a ghlacann an Bord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an sonrasc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2021, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €410,732.02 déanach, ar feadh 22.07 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc sin agus 1.19% de líon agus 1.05% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €9,149.

Déanann an Bord athbhreithniú i rith an ama ar na nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear, chun a laghad ama agus is féidir a chaitheamh ag plé le fiosruithe agus réiteach sonrasc agus leis an bpróiseas faofa agus íocaíochta.

# Sonraí Teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01 4322800
r:contactus@ibts.ie
D08 NH5R

**www.giveblood.ie**
Líne eolais do dheontóirí
1850 731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

## Ionad Chorcaí

Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021 4807400
T12 Y319

## Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01 4745000
DO2 TK51

## Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan

6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808
A94 NX47

## Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041 6859994
A92 HCP4

## Ionad Cheatharlaigh

Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059 9132125
R93 AC82

## Ionad Thuama

Aonad 2
Páirc Ghnó na Feá
Bóthar Weir
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 70832
H54 P229

## Ionad Luimnigh

Teach Carrig
Ascaill Chloch an Chéitinnigh
Lárionad Gnó an Ráithín
Luimneach
t: 061 306980
V94 AH97

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

An tIonad Náisiúnta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.
D08 NH5R

Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne eolais do dheontóirí 1800 731 137

Uimhir Charthanachta Cláraithe: RCN 20006280